## AN tSUALAINN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN tSUALAINN



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. Beidh **cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Fhionlainn, Éire agus an Phortaingéil**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar*

*_____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ … aicmiú riosca bunaithe ar chumas: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **… aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tacaíonn do rialtas náisiúnta le rialáil IS atá dána ach praiticiúil. Tá tusa i bhfabhar maoluithe teoranta a chur isteach sa togra ionas nach ndíspreagfar infheisteoirí agus taighdeoirí IS.
- Cé nach féidir leis an tSualainn, aisti féin, a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga, is féidir leis an Aontas Eorpach sin a dhéanamh ach a bheith aontaithe — tríd an nuálaíocht a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus an tionchar domhanda atá aige a neartú. Chun é sin a bhaint amach, beidh dreasachtaí níos láidre agus níos lú bacainní rialála ag teastáil ó fhorbróirí IS le linn chéimeanna na forbartha, agus spreagfar cruthú post agus fás eacnamaíoch leis an méid sin freisin.
- Is den ríthábhacht cur chuige cuspóirbhunaithe a úsáid: ba cheart IS a úsáidtear i ndiagnóisic leighis a bheith faoi réir rialacháin níos déine ná IS atá deartha le haghaidh riarachán gnó. Ní mhaítear sin chun beag is fiú a dhéanamh d'ábhair ar nós chlaontacht IS, ach chun tús áite a thabhairt do na rioscaí is práinní — na rioscaí sin a mbíonn tionchar díreach acu ar bheatha an duine.
- Ina theannta sin, más ar earnálacha a bhunaítear an sainiú riosca, is lú seans go mbeidh coinbhleachtaí le ceanglais earnála atá ann cheana i rialacháin eile, mar shampla creataí lena rialaítear an cúram sláinte agus an t-airgeadas. Ar an gcaoi sin, coinnítear an chastacht mhaorlathach ar leibhéal inláimhsithe.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

gan eisceacht

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

**seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**

**seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá sé ríthábhachtach duit go bhfanfaidh ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an arm nó leis an gcosaint lasmuigh de raon feidhme an rialacháin maidir le IS. Tá rún daingean ag na Ballstáit smacht a choinneáil ar chinntí sna réimsí sin, nach dtagann faoi dhlínse an Aontais de ghnáth in aon chás. Léirítear é sin freisin sa mhéid agus nach bhfuil arm aontaithe ag an Aontas.
- Ina theannta sin, measann tú nach féidir na córais IS sin a úsáidtear le haghaidh bailiú faisnéise, na cibearchosanta nó láithreacha catha a bheith faoi réir na gceanglas nochta nó rialála céanna agus a bhíonn córais shibhialtacha, toisc go bhféadfadh sé go mbainfeadh sé sin an bonn ón rúndacht oibríochtúil, ó leasanna slándála náisiúnta agus ón mbuntáiste straitéiseach ar ceapadh na córais sin lena sholáthar.
- Is tábhachtaí leatsa Airteagal 2 ná Airteagal 1. Mura féidir leat daoine eile a thabhairt leat maidir le hAirteagal 1, b'fhearr leat a chinntiú go nglacfar leis an méid is tábhachtaí atá le rá agat maidir le hAirteagal 2.
- Do chuid nótaí:


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca




## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile, ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle is minic
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An tSualainn |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 10 521 556 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 51 060 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 7.7 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 10.4 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 36.5 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu



© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse



| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

AN UACHTARÁNACHT



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN UACHTARÁNACHT

# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.



## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle le tromlach dúbailte (is é sin 55 % de na Ballstáit, ar a laghad, a dhéanann ionadaíocht ar 65 % de dhaonra iomlán an Aontais Eorpaigh). Is fearr i gcónaí a bheith ar aon fhocal sna cúrsaí seo, ach ina éagmais sin, cuirtear riail an tromlaigh dhúbailte i bhfeidhm. Go praiticiúil, ní chaitear vóta ar fhormhór na gcinntí, ach déanann an uachtaránacht iarracht teacht ar chomhréiteach ar féidir leis na toscaireachtaí go léir tacú leis.

## An ról a bheidh agatsa

Tá tú i bpáirt le toscaireacht an Bhallstáit sin ar aige atá an uachtaránacht faoi láthair. Déarfaidh éascaitheoir an chluiche leat cén tír atá i gceist.

Mar chuid den toscaireacht, tusa a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcaibidlíocht oifigiúil agus is iad do chomhghleacaithe a chuirfidh leas agus seasamh na tíre i láthair. Fútsa atá sé maoirseacht a dhéanamh ar na cainteanna oifigiúla, deis chainte a thabhairt do na toscairí agus súil a choinneáil ar an sceideal.

## An Tús

1. Ba cheart duit **tús a chur leis an gcruinniú go foirmiúil**, fáilte a chur roimh na toscairí uile agus roimh an gCoimisiún agus cuspóir an chruinnithe a mhíniú dóibh (nóiméad, ar a mhéad). D'fhéadfadh an script ar an gcéad leathanach eile cabhrú leat.
2. Ina dhiaidh sin arís, **iarrfaidh tú ar ionadaí an Choimisiúin an dréacht a chur i láthair**.
3. Ach a mbeidh sin déanta, tig leat a iarraidh ar **na Ballstáit**, ina gceann is ina gceann, **ráiteas tosaigh a dhéanamh** (nóiméad, ar a mhéad), de réir mar a iarrfaidh siad cead cainte. Iarr ar na Ballstáit na leasanna coiteanna atá acu i bpáirt le Ballstáit eile a chur in iúl go soiléir.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## An Plé

1. **Stiúir an chaibidlíocht oifigiúil a bheidh ann**. Beidh cead cainte ag na hairí ach a dtabharfaidh tusa an deis sin dóibh. Tabhair deis chainte do na toscairí ina gceann is ina gceann de réir mar a iarrfaidh siad an deis sin.
2. Iarr ar na toscairí gan argóint agus seasamh a míníodh cheana féin a dhéanamh an athuair. Iarr ar na Ballstáit sin atá ar aon fhocal labhairt thar ceann a chéile. **Bítear géar ar an am!**
3. **Cuirtear isteach ar an gcaibidlíocht** oifigiúil **ar mhaithe le cainteanna neamhfhoirmiúla**. Fógair tús na gcainteanna neamhfhoirmiúla agus an tráth a gcuirfear tús an athuair leis an gcruinniú foirmiúil. Tig na cainteanna neamhfhoirmiúla a reáchtáil i d'uireasa.

## Teacht ar chomhaontú

1. Beidh an deis agat **togra comhréitigh a ullmhú** i gcaitheamh na gcainteanna neamhfhoirmiúla. Ar ndóigh, tig leat freisin a iarraidh ar na Ballstáit an bhfuil nó nach bhfuil moltaí acu i dtaca le togra comhréitigh.
2. Caitear vóta ar an togra/na tograí is mó a bhfuil gealladh fúthu maidir le hAirteagal 1 agus 2. Glactar comhsheasamh ón gComhairle le tromlach dúbailte (is é sin 55 % de na Ballstáit, ar a laghad, a dhéanann ionadaíocht ar 65 % de dhaonra iomlán an Aontais Eorpaigh). **Úsáid an t-áireamhán vótála** chun na vótaí a chomhaireamh. Tig le héascaitheoir an chluiche lámh chúnta a thabhairt duit leis seo.
3. Meabhraigh do na Ballstáit nach mór dóibh cinneadh a dhéanamh, ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh, cé acu arbh fhearr leo teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leo nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chomhaltaí na Comhairle, a Choimisinéir,*

*Is mór agam tús a chur le cruinniú an lae inniu den Chomhairle.*

*Mar is eol daoibh, is ag __________ atá Uachtaránacht na Comhairle i láthair na huaire agus is í (é) a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcaibidlíocht. Mise a dhéanfaidh cruinniú an lae inniu a stiúradh ach ní fúmsa a bheidh sé seasamh ár dtíre ar an ábhar a chur i láthair.*

*Ar chlár oibre an lae inniu, tá rialachán nua maidir le húsáid agus forbairt na hintleachta saorga, nó IS, san Aontas. Tá an t-ábhar seo ag dó na geirbe ag muintir uile na hEorpa, agus tá tábhacht nach beag ag baint leis i dtaca le ról an Aontais Eorpaigh i saol an lae inniu, ar an ábhar ____________________________________.*

*Sula dtabharfaidh mé cead cainte don Choimisiún, ba mhaith liom béim a chur ar an athbhreithniú atá déanta ag Seirbhís Dlí na Comhairle ar an togra. Tá sé tugtha le fios acusan go bhfuil an togra i gcomhréir leis na Conarthaí agus go bhfuil bunús dlí riachtanach leis.*

*Iarraimid ar an gCoimisiún an togra uaidh a chur i láthair anois. Beidh deis agaibhse ansin ráiteas gearr a dhéanamh agus seasamh bhur dtíre féin a chur i láthair. Táimid ag súil go mór le díospóireacht chuiditheach thairbheach.*

*A Choimisinéir, anois do dheis!*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.
- ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.


# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca




## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

# Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | cuspóirbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Bheilg** | cumasbhunaithe | | foinse oscailte | |
| **An Bhulgáir** | cuspóirbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **An Chróit** | cuspóirbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Chipir** | cumasbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 2 bliana | gan eisceacht | |
| **An tSeicia** | cumasbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 5 bliana | gan eisceacht | |
| **An Danmhairg** | cuspóirbhunaithe | An t-oideachas a chur san áireamh | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Eastóin** | cuspóirbhunaithe | Tástáil san fhíorshaol | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Fhionlainn** | cuspóirbhunaithe | An vótáil a chur siar | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Fhrainc** | cuspóirbhunaithe | An t-oideachas a chur san áireamh | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Ghearmáin** | cumasbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **An Ghréig** | cumasbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 3 bliana | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Ungáir** | cumasbhunaithe | | arm/cosaint | |
| **Éire** | cuspóirbhunaithe | Solúbthacht maidir le tástáil | gnólachtaí nuathionscanta | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | cumasbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Laitvia** | cumasbhunaithe | Gan faireachán iarmhargaidh a áireamh | arm/cosaint | |
| **An Liotuáin** | cumasbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **Lucsamburg** | cuspóirbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 3 bliana | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **Málta** | cuspóirbhunaithe | Tástáil san fhíorshaol | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Ísiltír** | cumasbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Pholainn** | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |
| **An Phortaingéil** | cuspóirbhunaithe | An vótáil a chur siar | foinse oscailte | |
| **An Rómáin** | cuspóirbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An tSlóvaic** | cuspóirbhunaithe | Tacaíocht airgeadais | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An tSlóivéin** | cumasbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Spáinn** | cumasbhunaithe | | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An tSualainn** | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga (córais IS)** — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** —bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** |
|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d’fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

AN COIMISIÚN EORPACH



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra uait le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga.

Ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (atá i mbun cathaoirleachta ar an gcruinniú) deis chainte duit, cuirfidh tú an togra i láthair ionadaithe na mBallstát agus glacfaidh tú páirt sa chaibidlíocht a ghabhann leis.



## Do phríomhchuspóir

A chinntiú go mbeidh gach ar féidir den bhunleagan sa leagan críochnaitheach agus, ag an am céanna, cúnamh a thabhairt don Chomhairle teacht ar chomhsheasamh. Tá géarghá le comhréiteach coiteann Eorpach!

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh an Choimisiúin.
2. **Ullmhaigh ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) chun cur i láthair agus cur síos a dhéanamh ar an togra. D'fhéadfadh an script sa bhosca thíos ar dheis cabhrú leat.
3. Éist go cúramach le seasamh na mBallstát. **Líon isteach an tábla** ar leathanaigh 8 agus 9 chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile.
4. Mínigh seasamh an Choimisiúin agus **cosain an togra uaidh** i gcaitheamh na caibidlíochta. Tapaigh do dheis agus labhair amach! Cuidigh leis an gComhairle teacht ar chomhréiteach a shásaíonn do mhian.
5. **Ní cheadaítear duit vóta a chaitheamh** ag an deireadh. Bain leas as na sosanna neamhfhoirmiúla chun do chuid moltaí féin a chur ina luí ar na toscaireachtaí.

*A Chomhaltaí ró-onóracha na Comhairle,*

*Is maith go bhfuil an díospóireacht thábhachtach seo a reáchtáil inniu i ndáil leis an rialachán maidir leis an intleacht shaorga san Aontas. Rachadh an rialachán go mór chun tairbhe na saoránach agus an Aontais trí chéile, toisc ___________________________________________*
*_______________________________________________*
*_______________________________________________ .*

*Sa dréachtrialachán ón gCoimisiún, molaimid aicmiú riosca cuspóirbhunaithe le haghaidh feidhmchláir IS ardriosca, mar _____________________________*
*_______________________________________________ .*

*Ceadófar eisceachtaí ar an rialachán mar a leagtar amach in Airteagal 1 é nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear na córais IS. Is ar na cúiseanna a leanas a mholaimid sin:*
*_______________________________________________*
*_______________________________________________.*

*I dteannta a chéile, déanaimis ár gcion lena chinntiú go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealach freagrach.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun an nuálaíocht a chothú agus iomaíochas domhanda na hintleachta saorga a mhonaraítear san Aontas a neartú, agus ní mór aghaidh a thabhairt go cúramach ar aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta bunúsacha agus do chosaint tomhaltóirí ag an am céanna.
- Teicneolaíocht nua atá san intleacht shaorga ar deacair na himpleachtaí a bheidh aici a thuar, bíodh sin i dtaobh an duine, na sochaí, gnólachtaí nó an gheilleagair; dá bhrí sin, ní mór cur chuige atá idir uaillmhianach agus fhaichilleach a ghlacadh ina leith. Léirítear an méid sin sa togra uaibh sa mhéid is go moltar cur chuige cuspóirbhunaithe ann maidir le sainiú na gcóras IS sin is ceart a aicmiú mar 'ardriosca'. De réir an chur chuige chuspóirbhunaithe, meastar go bhfuil ardriosca ag baint leis an intleacht shaorga i réimsí íogaire a bhaineann le cinntí báis nó beatha nó a bhfuil tionchar suntasach acu ar fholláine shaoránaigh an Aontais.
- Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú cheana féin maidir le catagóirí na gcóras IS lena mbaineann riosca do-ghlactha, a gcuirfear toirmeasc orthu san Aontas, chomh maith le catagóirí na gcóras ísealriosca agus gan riosca. Is é cúram an lae inniu sainiú soiléir a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le 'ardriosca'. Aon chóras IS a thagann faoin gcatagóir seo, ní mór nach gcaithfear leis mar chóras ísealriosca ná mar chóras gan riosca.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Cé gur tosaíochtaí i gcónaí iad ceannaireacht dhigiteach aontaithe a chur chun cinn san Aontas agus gné na trádála seachtraí a neartú — táirgí IS arna bhforbairt san Aontas a easpórtáil ar fud an domhain, mar shampla — is den ríthábhacht an uathriail náisiúnta a chaomhnú in earnálacha sonracha atá ríthábhachtach don tsábháilteacht phoiblí.
- Tá dúshláin slándála idirnáisiúnta ag dul i ngéire go tapa, cuir i gcás, agus tá ról lárnach ag an intleacht shaorga maidir leis an gcibearchogaíocht agus bogearraí haiceála mailíseacha a chur chun cinn, etc. Ní mór nach gcuirfí aon ualaí rialála, dá laghad iad, bac ar fhrithbhearta cosanta. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 1 maidir le feidhmchláir mhíleata agus chosanta.
- Chun gach críche eile, ní gá díolúintí breise, ós rud é go gcinntíonn na híoscheanglais tástála go bhforbraítear an intleacht shaorga ar bhealach freagrach.
- Do chuid nótaí:

________________________________________________________________________________


________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca

| | | |
|---|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** |  | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, ‘Má tharlaíonn X, déan Y’
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | An tAontas Eorpach |
|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN OSTAIR



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



**AN OSTAIR**

# An Clár Oibre



Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Danmhairg, an Fhrainc, an Pholainn agus an Rómáin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D’fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d’fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga ‘ardriosca’ a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ … aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **… aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS ‘ardriosca’ sula seolfar iad.

### D’argóintse

- Rinne rialtas do thírse tuairim is €350 milliún a infheistiú sa taighde ar IS idir 2012 agus 2017, rud a chuir bonn láidir faoin nuálaíocht. Tá cuideachtaí Ostaracha ar thús cadhnaíochta anois maidir le forbairt IS, agus tá margaí intíre agus idirnáisiúnta araon ag baint tairbhe as sin. Tacaíonn tú le treoir an Aontais maidir le rialachas IS ach iarrann tú maoiniú níos mó ar leibhéal an Aontais chun borradh breise a chur faoin taighde agus faoin bhforbairt.
- Tacaíonn tú go láidir le cur i bhfeidhm an chur chuige chuspóirbhunaithe trí ‘phrionsabal na neodrachta teicneolaíche’. Ciallaíonn sé sin nach féidir le rialacháin tús áite a thabhairt do theicneolaíochtaí, samhlacha nó cuir chuige shonracha IS ná idirdhealú a dhéanamh ina gcoinne. In earnáil íogair ar nós an chúraim sláinte, is cuma cé acu an í an domhainfhoghlaim nó IS riailbhunaithe a úsáideann an córas – meastar gur feidhmchláir ‘ardriosca’ iad sin toisc go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le bás duine má theipeann ar an IS nó má dhéanann sé botún.
- Tá an cur chuige cuspóirbhunaithe ríthábhachtach freisin d’iompórtálacha IS. Is minic nach leor dearbhú an fhorbróra féin chun fíorchumais na gcóras a iompórtáiltear a dheimhniú – go háirithe nuair a d’fhéadfadh dreasachtaí a bheith ann d’eintitis eachtracha gnéithe díobhálacha a cheilt, earraí spiaireachta, mar shampla.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- I gcomhpháirtíocht le Interpol, Europol agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht — a bhfuil a ceanncheathrú i Vín — tá ról ceannasach ag Institiúid Teicneolaíochta na hOstaire maidir le córais IS a chomhtháthú sa tslándáil náisiúnta trí ardréitigh faireachais agus ardáin tumoiliúna. Tá na taighdeoirí tiomanta samhlacha IS an-iontaofa ar féidir brath orthu a fhorbairt, a chuideoidh le sábháilteacht na hOstaire a fheabhsú. Ós rud é go dtagann an tslándáil náisiúnta lasmuigh de raon feidhme chreataí rialála an Aontais de ghnáth, measann tú go bhfuil sé réasúnta an fearann sin a eisiamh ó rialáil IS.
- Ina theannta sin, mar a chuir tú in iúl i dtaobh Airteagal 1, is den tábhacht a shoiléiriú nach mór go n-áireofaí freisin i raon feidhme an chreata rialála córais IS a fhorbraítear lasmuigh den Aontas agus a iompórtáiltear ina dhiaidh sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an rialachán maidir leis na córais IS uile a úsáidtear san Aontas Eorpach, gan beann ar a dtionscnamh.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | cuspóirbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile, ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle is minic
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Ostair |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 9 104 772 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 51 830 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 10.8 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 32 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN BHEILG



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN BHEILG



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig agus an Spáinn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le*_____________________________________ .

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar* _____________ _____________________________________________ .

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar* ___ _____________________________________________ .

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá do thírse tiomanta cearta bunúsacha a chaomhnú mar phríomhthosaíocht. Tá géarghá le comhar trasteorann chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí náisiúnta agus trasnáisiúnta — go háirithe iad siúd a eascraíonn as uirlisí digiteacha.
- Is mian leat a chinntiú go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealach freagrach. Ó na 2010í i leith, tá dul chun cinn suntasach déanta ag forbróirí, a bhfuil uirlisí nua á gcruthú acu níos tapúla ná mar is féidir leis an tsochaí í féin a chur in oiriúint dóibh. Is beag duine nó institiúid ag a bhfuil tuiscint cheart ar a bhfuil i ndán don intleacht shaorga: d'fhéadfadh sé nach fada go mbeidh an tsamhail intleacht saorga ilchuspóireach in ann aithris a dhéanamh ar réasúnaíocht an duine, agus d'fhéadfadh IS candamach feabhas easpónantúil a chur ar chumais na ríomhaireachta candamaí; ní fios fós cé na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an méid sin.
- Dá bhforbrófaí go freagrach í, d'fhéadfadh IS feabhas a chur ar shaol daoine, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda ar bhealach níos éifeachtaí agus acmhainneacht an duine a leathnú. Ní mór rialáil chúramach agus breithnithe eiticiúla a bheith ann freisin, áfach. Tá tusa i bhfabhar aicmiú riosca cumasbhunaithe: ba cheart aon chóras IS a bhfuil baol mí-úsáide, laofachta nó tionchar díobhálach ag baint leis a aicmiú mar chóras ardriosca. Ba cheart forbairt IS a bheith fite fuaite le cur chun cinn na héagsúlachta agus chearta an duine, seachas teacht salach orthu.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- **gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte**
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Tá tusa ag moladh go mbeadh raon feidhme leathan ag an rialachán. Dar leatsa, ní luíonn sé le réasún rialachán a chomhaontú ar leibhéal an Aontais chun forbairt fhreagrach IS a chaighdeánú agus, díreach ina dhiaidh sin, réimsí ríthábhachtacha a fhágáil amach as, an tslándáil, cuir i gcás.
- Is iad samhlacha foinse oscailte an t-aon eisceacht a mbeadh glacadh agatsa léi: is maith mar a spreagann na samhlacha sin an nuálaíocht toisc go bhforbraítear go trédhearcach iad. Bíonn forbróirí ag baint triail as rudaí nua agus dá n-oiliúint féin i dteannta a chéile, agus eolas á chomhroinnt acu chun uirlisí a fheabhsú. Is minic gur fusa cigireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar samhlacha IS foinse oscailte ná ar shamhlacha dílsithe, rud a thagann le spriocanna an ghnímh.
- Do chuid nótaí:

  ___________________________________________________________________________


  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | cumasbhunaithe | | foinse oscailte | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, ‘Má tharlaíonn X, déan Y’
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Bheilg |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 11 742 796 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 50 610 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.5 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 13.8 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 28.3 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse




| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN BHULGÁIR



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN BHULGÁIR



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar atá Lucsamburg, Málta agus an tSlóvaic**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le___________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá borradh faoi earnálacha ardteicneolaíochta agus teicneolaíochta faisnéise na Bulgáire, a bhfuil naisc láidre acu le cliaint in Iarthar na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe, agus tá 3% de mhargadh saothair na Bulgáire ag gabháil don intleacht shaorga cheana féin – sciar suntasach ar mian leat é a fhás. Maidir le straitéis IS an Aontais, is mian leat torthaí a bhaint amach a chuideoidh le tionscail náisiúnta agus ollscoileanna do thíre chun an leas is fearr is féidir a bhaint as buntáistí na hintleachta saorga.
- I bprionsabal, d'fhéadfá aontú leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe. Spreagfadh an cur chuige sin na forbróirí agus lucht curtha in úsáid smaoineamh go cúramach faoin gcaoi a bhféadfaí feidhm a bhaint as a gcóras, seachas faoi chumais an chórais amháin. Mhéadódh sé sin an chuntasacht i dtaca leis an úsáid san fhíorshaol.
- Tá cothromaíocht gheografach á hiarraidh agat. Is mó i bhfad na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ag na tíortha is saibhre le haghaidh taighde ar an intleacht shaorga; d'fhéadfaidís na hacmhainní sin a úsáid le haghaidh nósanna imeachta fada costasacha chun córas a thástáil sula seoltar é, mar shampla. Chun forbairt chothrom a chinntiú ar fud an Aontais, tá cistiú de dhíth ar an mBulgáir chun tacú lena gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus lena gnólachtaí nuathionscanta. Is é an phríomhthosaíocht atá agat inniu tiomantas láidir a fháil maidir le cistiú an Aontais don taighde IS sa Bhulgáir. Bheifeá sásta plé a dhéanamh ar an mbainistiú riosca agus ceanglais tástála – ar an gcoinníoll go dtabharfar aghaidh ar na príomhábhair imní atá agatsa.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

**gan eisceacht**

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tusa gur cheart rialacha soiléire a bheith ann a mbeidh feidhm acu maidir le gach earnáil — an tslándáil náisiúnta agus an fhaisnéis san áireamh. Dá ndéanfaí na hearnálacha sin a fhágáil amach, chruthófaí bealaí éalaithe dlíthiúla agus mhéadófaí an baol nach ndéanfar seiceáil ar chórais IS atá mí-eiticiúil nó díobhálach.
- Níl sé i gceist agat bac a chur ar an intleacht shaorga sa tslándáil náisiúnta – is é atá i gceist a chinntiú go ndeartar go freagrach í chun aon laofacht nó idirdhealú a sheachaint.
- Measann tú go bhfuil téacs reatha an togra ró-dhoiléir agus ba mhaith leat a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an rialachán céanna maidir le samhlacha IS a dhéantar a iompórtáil ó fhorbróirí lasmuigh den Aontas. Is ar mhaithe le haon easpa soiléireachta a sheachaint atá i gceist leis sin. Is é bunchuspóir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga borradh a chur faoi fhorbairt na hintleachta saorga san Aontas agus samhlacha IS an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí ná táirgí ó na Stáit Aontaithe nó ón tSín.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | cuspóirbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga (córais IS)** — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Bhulgáir** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 6 447 710 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 14 690 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 4.3 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 3.6 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 7.7 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN CHIPIR



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN CHIPIR



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

### Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar atá an Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig agus an Spáinn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ______________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ ______________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ______________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☑ **… aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**

☐ … aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tugann do rialtas náisiúnta tús áite do ghníomhaíochtaí beartais lena gcothaítear taighde agus nuálaíocht agus lena gcuirtear treoirlínte dochta eitice a i bhfeidhm ag an am céanna. In éagmais na heitice, níl aon amhras ach go mbeidh an intleacht shaorga ina bagairt ar shlándáil daoine agus gnólachtaí, agus ar fheidhmíocht eacnamaíoch an Aontais chomh maith.
- Tá fianaise go leor ann nár oibrigh an intleacht shaorga mar ba chóir san am a chuaigh thart, rud a léiríonn an gá atá le formhaoirseacht dhaonna agus rialachas láidir, fiú le linn chéim na forbartha. In 2010, mar shampla, bhí algartaim trádála faoi stiúir IS ina gcúis le tobchliseadh margaidh inar cailleadh luach $1 trilliún de stoic laistigh de bheagán nóiméad.
- Dar leatsa, ní mór d'fhorbairt eiticiúil IS tús áite a thabhairt don trédhearcacht (IS a dhéanamh intuigthe), don chuntasacht (a chinntiú gur daoine a bheidh freagrach as cinntí IS i gcónaí) agus do shásraí rialaithe (cosc a chur ar oibriú IS gan seiceáil).
- Tacaíonn tusa le haicmiú riosca cumasbhunaithe: ba cheart a mheas go bhfuil ardriosca ag baint le haon chóras intleachta saorga a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as nó a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige – ní toisc go bhfuil an intleacht shaorga contúirteach ó thaobh nádúir, ach mar gheall ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint aisti. Mar sin féin, bheifeá **toilteanach aicmiú cuspóirbhunaithe a phlé más rud é go ndéanfar athbhreithniú air sin i gceann dhá bhliain**.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

**gan eisceacht**

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tú go láidir gur cheart forbairt eiticiúil na hintleachta saorga a bheith i bhfeidhm ar bhonn uilechoiteann — níor cheart aon earnáil ná aon fhorbróir a bheith díolmhaithe ó rialachán an Aontais maidir leis an intleacht shaorga. Go deimhin, is iad forfheidhmiú an dlí, an t-arm, an chosaint agus an tslándáil náisiúnta na réimsí ina bhfuil na rioscaí is mó ó thaobh mí-úsáide, laofachta agus sáruithe ceart de. Níor cheart eisceachtaí a dhéanamh de na hearnálacha sin; ba cheart na caighdeáin is airde a éileamh orthu.
- Is mian leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga iontaofa fhreagrach. Dá bhrí sin, tá tusa i bhfabhar dea-shampla soiléir a thabhairt. Dá dtabharfaí neamhaird ar fheidhmchláir áirithe, lagófaí creidiúnacht agus tionchar Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Ní mór treoirphrionsabail eiticiúla a leanúint gach uair a bhaintear úsáid as IS – go háirithe sna cásanna sin ina bhfuil an fhéidearthacht is mó go n-imreofaí tionchar ar bheatha nó ar shaoirsí daoine.
- Is tábhachtaí leatsa Airteagal 2 ná Airteagal 1. Má tá sé ag cinneadh ort daoine eile a thabhairt leat i dtaca le d'argóint maidir le hAirteagal 1, b'fhearr leat a chinntiú go nglacfar leis an méid is tábhachtaí atá le rá agat maidir le hAirteagal 2.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________


____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

# Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | cumasbhunaithe | athbhreithniú faoi cheann 2 bhliain | gan eisceacht | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga (córais IS)** — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Chipir |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 949 084 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 32 720 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.8 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 4.7 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 25.0 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse




| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN tSEICIA



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN tSEICIA



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Ungáir**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le___________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ___________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ___________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☑ **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**

☐ ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá sé mar aidhm ag do rialtas féin nuálaíocht na hintleachta saorga a chothú. Agus, cé go bhfuil ag éirí go maith leis an Aontas ó thaobh na taighde de, is iad na Stát Aontaithe agus an tSín a chinneann na rialacha agus, dá réir, a stiúrann an margadh domhanda. Tá tíortha eile, mar atá, an India, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe ag déanamh dul chun cinn go tapa freisin.
- Ós amhlaidh atá, ní mór don Aontas creat rialála cothrom a bhunú — creat nach bhfuil ródhocht — chun nuálaíocht na hintleachta saorga a chur chun cinn agus chun an tAontas féin a chur chun cinn mar cheannaire domhanda IS. D'fhéadfadh sé gur deis chinniúnach a bheadh i nGníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga dá mba rud é go bhféadfadh sé iontaoibh agus tacaíocht na n-infheisteoirí agus na bhforbróirí araon a thabhairt leis.
- Tacaíonn tusa le cur chuige cumasbhunaithe, ós rud é go bhféadfadh ceann cuspóirbhunaithe teacht salach ar bheartais earnála náisiúnta agus beartais earnála an Aontais atá ann cheana. Mar sin féin, dá n-aicmeofaí gach samhail intleacht saorga ilchuspóireach mar 'ardriosca', bheadh sé ródhocht. Is léir gur cheart ísealriosca a bheith ag baint le go leor córais IS ilchuspóireacha, mar shampla an IS a úsáidtear i seirbhís do chustaiméirí nó san aistriúchán fíor-ama. D'fhéadfadh an ró-rialáil an nuálaíocht agus an infheistíocht a dhíspreagadh agus an bharúil gur ag an Aontas atá na rialacha is déine maidir leis an intleacht shaorga a threisiú, rud a lagódh iomaíochas na hEorpa ar deireadh.
- Mura féidir teacht ar chomhréiteach ag plé an lae inniu, **tá tú sásta clásal a chur isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán faoi cheann cúig bliana**, rud a chinnteoidh go mbeidh sé ábhartha i gcónaí i dtimpeallacht IS atá ag athrú go tapa.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

**gan eisceacht**

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tú go láidir gur cheart forbairt eiticiúil na hintleachta saorga a bheith i bhfeidhm ar bhonn uilechoiteann — níor cheart aon earnáil ná aon fhorbróir a bheith díolmhaithe ó rialachán an Aontais maidir leis an intleacht shaorga. Go deimhin, is iad forfheidhmiú an dlí, an t-arm, an chosaint agus an tslándáil náisiúnta na réimsí ina bhfuil na rioscaí is mó ó thaobh mí-úsáide, laofachta agus sáruithe ceart de. Níor cheart eisceachtaí a dhéanamh de na hearnálacha sin; ba cheart na caighdeáin is airde a éileamh orthu.
- Más mian leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga iontaofa fhreagrach, ní mór daoibhse an cosán a dhearadh. Dá dtabharfaí neamhaird ar fheidhmchláir áirithe, lagófaí creidiúnacht agus tionchar Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Ní mór treoirphrionsabail eiticiúla a leanúint gach uair a bhaintear úsáid as IS – go háirithe sna cásanna sin ina bhfuil an fhéidearthacht is mó go n-imreofaí tionchar ar bheatha nó ar shaoirsí daoine.
- Do chuid nótaí:

__________________________________________________________________________


__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Íséalriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | cumasbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 5 bliana | gan eisceacht | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An tSeicia** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 10 827 529 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 29 180 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 2.6 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 5.9 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 35.5 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN GHEARMÁIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

### COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN GHEARMÁIN



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bheilg, an Chipir, an Ghréig agus an Spáinn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.

> *A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*
>
> *I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*
>
> *Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le____________________________________ .*
>
> *Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ____________________________________________ .*
>
> *Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ____________________________________________ .*
>
> *Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*
>
> *Go raibh maith agaibh.*

7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Cearta bunúsacha a chur chun cinn bun agus barr do scéilse; tuigtear duitse go bhfuil géarghá le comhar trasteorann chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí náisiúnta agus trasnáisiúnta araon, lena n-áirítear na bagairtí sin a eascraíonn as an teicneolaíocht dhigiteach. Tuigtear duit freisin cé mar is féidir leis an intleacht shaorga feachtais mhífhaisnéise agus domhainbhrionnaithe a spreagadh, rud a chruthaíonn rioscaí tromchúiseacha don tsaoirse cainte agus do na hinstitiúidí daonlathacha.
- Cé go bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh ag forbairt na hintleachta saorga agus go mbeidh ról níos suntasaí aici sa tsochaí, creideann tusa nach mór í a dhearadh ar bhealach a rachaidh chun sochair seachas dochair an duine agus an chomhshaoil.
- Ábhar mór imní i gcórais intleachta saorga is ea an laofacht. Agus an intleacht shaorga oilte ar thacair sonraí neamhéagsúla nó neamhionadaíocha, tig léi torthaí idirdhealaitheacha a bhaint amach — mar a facthas le huirlis earcaíochta Amazon, nuair a tugadh tús áite d'iarrthóirí fireanna bunaithe ar phatrúin earcaíochta a bhí ann roimhe seo. Cuireadh deireadh leis an uirlis chéanna nuair a tugadh é seo faoi deara. Oibriú ar chreat lena gcuirfear deireadh leis an riosca is lú maidir le díobháil a ghintear leis an intleacht shaorga, an mhífhaisnéis, mar shampla, an sprioc dheiridh atá agatsa inniu. Cé gur sprioc uaillmhianach é, is sprioc é, dar leatsa, atá riachtanach.
- Ar na cúiseanna sin, tacaíonn tusa le haicmiú riosca cumasbhunaithe: ba cheart a mheas go bhfuil ardriosca ag baint le haon chóras intleachta saorga a bhféadfadh mí-úsáid nó tionchar díobhálach a bheith aige – ní toisc go bhfuil an intleacht shaorga contúirteach ó thaobh nádúir, ach mar gheall ar an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint aisti.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

**gan eisceacht**

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Is cúis mhór imní duitse gur mian le roinnt de na tíortha forfheidhmiú an dlí, an tslándáil mhíleata, an chosaint nó an tslándáil náisiúnta a eisiamh ó raon feidhme Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Is iad sin go díreach na réimsí inar féidir leis an intleacht shaorga díobháil thromchúiseach a dhéanamh — leis an idirdhealú, bréagdheimhnigh agus an laofacht — agus ina bhfuil gá le coimircí láidre. Mar shampla, mar thoradh ar aghaidh-aithint laofa sa phóilíneacht, gabhadh san éagóir líon díréireach fear óg ciníochaithe agus rinneadh sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine aonair.
- Tuigeann tú go bhfuil ag éirí le go leor de na tíortha gnóthachain mhóra éifeachtúlachta a bhaint amach le húsáid na hintleachta saorga sna hearnálacha sin, agus tá meas agat air sin. Bíodh sin mar atá, ní féidir beag is fiú a dhéanamh de chearta an duine. Tá súil ghéar á coinneáil agatsa ar fhorbairtí na hintleachta saorga sna Stáit Aontaithe agus sa tSín, agus is cúis mhór imní duit an easpa cosaintí láidre ina gcórais faoi seach.
- Intleacht shaorga dhuinelárnach ach freagrach a chur chun cinn *raison d'être* Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Dá ndéanfaí earnálacha áirithe a eisiamh ón rialachán ina iomláine, lagófaí an sprioc sin agus bhainfí an bonn d'uaillmhian an Aontais caighdeán domhanda a leagan síos maidir le hintleacht shaorga iontaofa.
- Do chuid nótaí:

  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________


  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca

**Riosca do-ghlactha** — Toirmeasc iomlán



**Ardriosca** — Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II)

**Ísealriosca** — Trédhearcacht ag teastáil

**Gan riosca** — Gan rialáil

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ‘ardriosca’

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid, rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | cumasbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga (córais IS)** — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** —tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Ghearmáin** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 83 118 501 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 49 520 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 3.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 11.6 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 19.8 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN DANMHAIRG



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN DANMHAIRG



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Fhraince, an Ostair, an Pholainn, agus an Rómáin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le___________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ___________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ___________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [ ] ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.
- [x] **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is díol sásaimh duitse togra an Choimisiúin maidir le creat intleachta saorga a thabhairt isteach. Ba cheart don Ghníomh cultúr freagrachta a chur chun cinn, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos éasca rudaí a chur ina gceart pé uair a mbeadh saincheist faoi leith le réiteach.
- Tacaíonn tú leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe mar chéad chéim chuiditheach. Cothaíonn sé seo iomaíocht fholláin i ngach earnáil. Mar sin féin, is mian leatsa earnáil an oideachais a áireamh ar na hearnálacha íogaire. Nuair a úsáideann scoileanna an intleacht shaorga chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar, obair a mharcáil nó feidhmíocht a thuar, tá an baol ann go mbraithfeadh na daltaí gur meaisín atá ag faire orthu nó i mbun meastacháin orthu seasta síoraí. D'fhéadfadh sé sin ansin brú a chruthú chun 'feidhmiú' i gcónaí ar bhealach áirithe, fiú nuair a bhíonn drochlá ag na daltaí. Murab ionann agus an múinteoir daonna, is minic nach mbíonn comhbhá ná tuiscint ag an intleacht shaorga ar dhúshláin phearsanta.
- Anuas air sin, ba mhaith leatsa béim a leagan ar éagsúlacht teanga an Aontais. Cuirtear oiliúint ar fhormhór na samhlacha intleachta saorga móra ar shonraí ó theangacha a labhraítear go forleathan, mar shampla, an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le drochfheidhmíocht i dteangacha nach labhraítear chomh forleathan céanna, mar shampla, an Danmhairgis.
- Má chinneann an tAontas cistí a leithdháileadh chun tacú le forbairt na hintleachta saorga, bheadh sé cothrom tosaíocht a thabhairt do theangacha nach labhraítear chomh forleathan céanna mar aon le tacaíocht a chur ar fáil do thíortha beaga. Ina éagmais sin, d'fhéadfadh forbairt na hintleachta saorga an éagothromaíocht a dhéanamh níos measa, agus seirbhísí ar chaighdeán níos ísle á soláthar i dteangacha nach labhraítear chomh forleathan céanna.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá sé ríthábhachtach duit go bhfanfaidh ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an arm nó leis an gcosaint lasmuigh de raon feidhme an rialacháin maidir le IS. Tá rún daingean ag na Ballstáit smacht a choinneáil ar chinntí sna réimsí sin, nach dtagann faoi dhlínse an Aontais de ghnáth in aon chás. Léirítear é sin freisin sa mhéid agus nach bhfuil arm aontaithe ag an Aontas (go fóill).
- Ina theannta sin, áitíonn tú nach féidir córais IS a úsáidtear le haghaidh bailiú faisnéise, na cibearchosanta nó cásanna ar láithreacha catha a bheith faoi réir na gceanglas nochta nó rialála céanna agus a bhíonn córais shibhialtacha, toisc go bhféadfadh sé go gcuirfí i mbaol, dá ndéanfaí amhlaidh, rúndacht oibríochtúil, leasanna slándála náisiúnta agus an buntáiste straitéiseach atá na córais sin ceaptha a sholáthar.
- Mura féidir freastal go hiomlán ar d'iarratas le linn phlé an lae inniu, tá tú sásta teacht ar chomhréiteach maidir leis an méid seo: nach ndéantar córais a fhorbraítear chun críoch míleata agus slándála náisiúnta a eisiamh ón rialachán ach go n-aithnítear iad mar IS a mbaineann riosca íseal léi, rud a fhágann go bhfuil ceanglais níos éadroime i gceist.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ‘ardriosca’

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | cuspóirbhunaithe | An t-oideachas a chur san áireamh | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, ‘Má tharlaíonn X, déan Y’
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** | **An Danmhairg** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 5 932 654 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 63 290 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 15.2 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 39.4 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu



© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse



| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN GHRÉIG



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN GHRÉIG



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin agus an Spáinn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ _____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá sé mar aidhm ag do thírse todhchaí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a chothú lena gcuirfear an nuálaíocht agus an fhorbairt chun cinn ar mhaithe le cách, todhchaí a bheidh bunaithe ar bhunluachanna na hEorpa.
- Chun cosc a chur ar thionchar diúltach a bheith ag IS ar an bpróiseas daonlathach (mar shampla, trí bhréagnuacht a ghintear leis an intleacht shaorga a scaipeadh), tacaíonn tú leis an gcur chuige cumasbhunaithe, ina meastar go bhfuil ardriosca ag baint le haon chóras intleachta saorga a bhfuil sé de chumas ann 'iompar an duine a bhainistiú' — lena n-áirítear i gcomhthéacsanna amhail cúrsaí toghchánaíochta.
- Tá imní ar leith ortsa faoi na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le IS laofa: ón taighde a rinneadh, fuarthas amach go raibh rátaí earráide i bhfad níos airde ag baint le mórchórais aghaidh-aitheanta nuair is duine le ton cnis níos dorcha nó mná, go háirithe mná gorma, atá á sainaithint. Rinneadh earráidí den chineál sin a rianú siar ina dhiaidh sin go tacair sonraí oiliúna atá claonta go mór i dtreo aghaidheanna geala fireanna, rud a d'fhág gur minic a dhéantar mí-aithint agus torthaí idirdhealaitheacha.
- D'fhéadfadh sé a bheith sách dúshlánach teacht ar chomhthuiscint inniu. Más gá, **d'fhéadfaí clásal breise a mholadh mar chomhréiteach: athbhreithniú éigeantach ar an gcreat laistigh de thrí bliana**, lena n-aithnítear luas tapa fhorbairt na hintleachta saorga. Ba cheart dearcadh ón tsochaí shibhialta, ón earnáil phríobháideach, ó earnáil na tionsclaíochta agus ó rialtais náisiúnta a áireamh sa phróiseas athbhreithnithe seo.
- Do chuid nótaí:

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá sé ríthábhachtach duit go bhfanfaidh ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an arm nó leis an gcosaint lasmuigh de raon feidhme an rialacháin maidir le IS. Tá rún daingean ag na Ballstáit smacht a choinneáil ar chinntí sna réimsí seo, nach dtagann faoi dhlínse an Aontais de ghnáth in aon chás. Is tír teorann í an Ghréig i Schengen, rud a fhágann go bhfuil ról ríthábhachtach aici maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú. Mar sin féin, tá na córais atá i bhfeidhm faoi láthair as dáta agus neamhéifeachtúil, rud a chuireann ualach trom oibríochtúil agus daonnúil ar na húdaráis náisiúnta.
- Dá bhrí sin, tá an Ghréig ag féachaint ar shamhlacha intleachta saorga mar bhealach chun oibríochtaí teorann a nuachóiriú agus a chuíchóiriú — trí phróisis sainaitheanta, chlárúcháin agus bainistithe cásanna a fheabhsú, agus tacú le cinnteoireacht níos tapúla agus níos cruinne ag an am céanna. I bhfianaise a phráinní atá sé bainistiú a dhéanamh ar an líon mór daoine atá ag teacht isteach, tá gá ag an nGréig le córais intleachta saorga a chur in úsáid ar bhealach solúbtha tráthúil chun tacú le hoibríochtaí níos tapúla agus níos éifeachtaí.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

### Cur chuige cumasbhunaithe

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

### Cur chuige cuspóirbhunaithe

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | cumasbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 3 bliana | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** —nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Ghréig |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 10 413 982 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 21 350 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 11.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 4 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 20 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d’fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN SPÁINN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN SPÁINN



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin agus an Ghréig**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

> *A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*
>
> *I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*
>
> *Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ____________________________________________ .*
>
> *Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ ____________________________________________ .*
>
> *Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ____________________________________________ .*
>
> *Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*
>
> *Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tugann do thírse tús áite do shaoirsí sibhialta mar bhunchloch do shochaí chóir shlán. Oibriú ar chreat lena gcuirfear deireadh leis an riosca is lú maidir le díobháil a ghintear leis an intleacht shaorga, mar shampla, aimpliú laofachta agus rioscaí príobháideachais. Cé gur sprioc uaillmhianach é, is sprioc é, dar leatsa, atá riachtanach.
- Tá tú go mór i gcoinne an chur chuige chuspóirbhunaithe atá molta ag an gCoimisiún. Mar shampla, má chuireann córas intleachta saorga atá deartha d'earnáil na cruthaitheachta chun ceol a chruthú fuaimeanna amach atá ró-ard, agus go deimhin, contúirteach — cosúil le feiste fuaime fadraoin — d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh fós, d'ainneoin an lipéad ísealriosca ag gabháil leis. D'fhéadfadh sé a bheith contúirteach díriú ar rún dearbhaithe amháin agus neamhaird a dhéanamh ar chumais theicniúla.
- Maidir le hoibleagáidí na bhforbróirí, ós rud é go bhfuil IS fós ag na céimeanna luatha, creideann tusa nár mhór na forbróirí a bheith faoi réir measúnuithe riosca éigeantacha, rialachas sonraí, iniúchtaí seachtracha, nochtadh torthaí tástála agus faireachán iarmhargaidh. Más rud é, le himeacht ama, go bhfoghlaimíonn forbróirí óna mbotúin, go n-éiríonn gnólachtaí níos feasaí ar rioscaí laofachta agus go n-aibíonn an teicneolaíocht, tá tú sásta plé a dhéanamh ar mhaoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar na ceanglais iad féin, ach ní ar an gcur chuige cumasbhunaithe maidir le haicmiú riosca.
- Do chuid nótaí:

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá do rialtas féin an-tiomanta do shaoirsí sibhialta. Ag an am céanna, tacaíonn tusa leis an gcur chuige dériain maidir le rialáil IS — cur chuige lena n-áirithítear cosaintí láidre sa spás sibhialtach agus lena gceadaítear níos mó solúbthachta don chosaint agus don tslándáil náisiúnta ag an am céanna. Tá an tslándáil náisiúnta ríthábhachtach chun na saoirsí ar a bhfuil saoirsí sibhialta ag brath a chaomhnú, agus féadfaidh ról lárnach a bheith ag an intleacht shaorga maidir leis an tsochaí a chosaint. Ar na cúiseanna sin, tacaíonn tú le húsáidí míleata, cosanta agus slándála náisiúnta na hintleachta saorga a eisiamh.
- Mar sin féin, ba cheart cur chuige rialála ar leith atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt le haghaidh na n-earnálacha sin chun a áirithiú go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealach freagrach — ach d'fhéadfadh ceanglais trédhearcachta iomlána rúndacht oibríochtúil a chur i mbaol, cur in úsáid a mhoilliú agus éifeachtacht i dtimpeallachtaí dinimiciúla nó ardriosca a laghdú.
- Léiríonn cásanna amhail córas VioGén na Spáinne, a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar bhaol an fhoréigin teaghlaigh, na contúirtí a bhaineann le IS ar deacair a feidhmiú a thuiscint agus ar a ndéantar maoirseacht theoranta — go tragóideach, rinneadh roinnt de na híospartaigh a aicmiú mar íospartaigh ísealriosca agus maraíodh iad ina dhiaidh sin. Léiríonn na teipeanna sin go bhfuil gá le forbairt IS atá freagrach, go háirithe ó thaobh na slándála de; ní hionann seo agus a rá go bhfuil gá leis an ró-rialáil. Ina ionad sin, ba cheart don Aontas cultúr freagrachta a chur chun cinn, go háirithe i bhforbairt IS le haghaidh feidhmchláir slándála.
- Do chuid nótaí:

  ________________________________________


  ________________________________________

  ________________________________________

  ________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | cumasbhunaithe | | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Spáinn |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 48 085 361 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 30 970 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 12.2 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 9.2 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 38.7 % |





**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Líon na gcuideachtaí IS de réir tíre (2020)




## Méadú líon na gcuideachtaí IS




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN EASTÓIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the
European Union

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN EASTÓIN



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar atá an Laitvia, an Liotuáin, an tSeicia agus an Ungáir**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_______________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ _____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá do thírse i bhfabhar rialachán aontaithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais maidir leis an intleacht shaorga. Tá an Eastóin ar cheann de na náisiúin is digitithe san Aontas agus, dá réir sin, tá muintir na hEastóine an-eolach ar uirlisí digiteacha – murab ionann agus roinnt tíortha mar a bhfuil na saoránaigh (go háirithe iad siúd sna haoisghrúpaí is sine) níos mímhuiníní agus níos leochailí i leith rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Measann tú go bhfuil fadhbanna ag baint le togra an Choimisiúin: ní fada go mbeidh córais IS nua ann a bheidh i bhfad níos cumasaí ná na córais atá ann faoi láthair, agus tá an baol ann go rachaidh an t-aicmiú 'ardriosca' as dáta más ar ghnéithe teicniúla an ama i láthair a bhunaítear é. Dá gcuirfí srian le teicneolaíocht bunaithe ar na cumais a d'fhéadfadh a bheith aici, d'fhéadfaí bac a chur ar an nuálaíocht freisin. Dá ndéanfaí amhlaidh in earnálacha ar nós an chúraim sláinte, d'fhéadfadh sé go bhfágfaí réitigh luachmhara intleachta ar lár sula ndéanfaí iad a mheas fiú. Tá tusa i bhfabhar cur chuige cuspóirbhunaithe, ós rud é go dtabharfar saoirse níos mó d'fhorbróirí i limistéir ísealriosca chomh maith le cinnteacht maidir le ceanglais tástála agus coimircí níos láidre i réimsí ina bhfuil rioscaí níos airde.
- Tá tú suite de go bhfuil sé d'aidhm ag cuideachtaí IS táirgí sábháilte iontaofa a thógáil, mar sin níl aon ghá leis an ró-rialáil. Níl tú i bhfách le liosta na n-earnálacha lena mbaineann a leathnú; b'fhearr leatsa dá ndéanfaí earnálacha áirithe a fhágáil amach.
- **Is den tábhacht duitse tástáil faoi fhíordhálaí domhanda na samhlacha nua intleachta saorga a chur chun cinn**. Cé gur maith ann tástáil bosca gainimh, is minic nach leor é chun fíordhálaí domhanda a mhacasamhlú go hiomlán.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá sé ríthábhachtach duit go bhfanfaidh ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an arm nó leis an gcosaint lasmuigh de raon feidhme an rialacháin maidir le IS. Tá rún daingean ag na Ballstáit smacht a choinneáil ar chinntí sna réimsí sin, nach dtagann faoi dhlínse an Aontais de ghnáth in aon chás. Léirítear é sin freisin ós rud é nach bhfuil arm aontaithe ag an Aontas.
- Ina theannta sin, áitíonn tú nach féidir córais IS a úsáidtear le haghaidh bailiú faisnéise, na cibearchosanta nó cásanna ar láithreacha catha a bheith faoi réir na gceanglas nochta nó rialála céanna agus a bhíonn córais shibhialtacha, toisc go bhféadfadh sé go gcuirfí i mbaol, dá ndéanfaí amhlaidh, rúndacht oibríochtúil, leasanna slándála náisiúnta agus an buntáiste straitéiseach atá na córais sin ceaptha a sholáthar.
- Do chuid nótaí:

  ________________________________________________________________________


  ________________________________________________________________________

  ________________________________________________________________________

  ________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | cuspóirbhunaithe | Tástáil san fhíorshaol | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, ‘Má tharlaíonn X, déan Y’
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Eastóin** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 1 365 884 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 27 960 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 6.4 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 5.2 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 34.8 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 OC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN FHIONLAINN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the European Union

European Commission

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN FHIONLAINN



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agat **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar atá Éire, an Phortaingéil agus an tSualainn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ _____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá do thírse ar cheann de cheannairí IS an Aontais, agus tá sé mar sprioc aici a bheith ina ceannródaí iontaofa, seasmhach agus nuálach i dtaobh an gheilleagair dhigitigh. Tá tacaíocht phoiblí láidir ann chomh maith, i ngeall ar an oideachas poiblí atá ar fáil in aisce do shaoránaigh maidir leis an intleacht shaorga, i measc tosca eile.
- Tacaíonn tú le cur chuige rialála cuspóirbhunaithe an Aontais, lena ndírítear ar an gcaoi a n-úsáidtear IS seachas ar ghnéithe teicniúla. Ar an gcaoi sin, ní thugtar le fios go bhfuil an intleacht shaorga contúirteach ó nádúr agus tugtar tús áite don tionchar a bhíonn aici san fhíorshaol. Sin é an bealach is fearr chun saoránaigh a chosaint, dar leat.
- Maidir leis an togra féin, creideann tú gur cheart béim a leagan ar thacaíocht an Aontais don nuálaíocht trí chur chuige lena gceadaítear scéimeanna tástála aonair. Dá bhrí sin, ba mhaith leat dá bhféadfaí IS a thástáil san fhíorshaol faoi mhaoirseacht na n-údarás poiblí, gan iallach a chur ar fhorbróirí tástáil bosca gainimh a úsáid. Thabharfadh sé sin beagán saoirse breise d'fhorbróirí cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanann siad a samhlacha a thástáil roimh chéim na margaíochta. Tá súil agatsa teacht ar chomhaontú maidir le téacs críochnaitheach Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga – téacs a d'fhónfadh mar a bheadh treoir ann d'fhorbairt iontaofa IS san Eoraip.
- Tá tú go mór i gcoinne clásal athbhreithniúcháin laistigh de chúpla bliain, ós rud é go mbainfeadh sé sin an bonn den chobhsaíocht rialála agus de mhuinín na n-infheisteoirí. Más ann don éiginnteacht, **b'fhearr go mór fada an vóta a chur siar** ná é a bheith beartaithe roimh ré na rialacha a athscríobh.
- Do chuid nótaí:

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- **seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Go nuige seo, tá an tAontas tite ar gcúl i bhforbairt dhomhanda na hintleachta saorga. Ach gnólachtaí nuathionscanta a eisiamh, d'fhéadfaí éiceachóras bríomhar a chothú. Ní leor na hacmhainní dlíthiúla, airgeadais ná riaracháin a bhíonn ag gnólachtaí nuathionscanta chun na rialacha céanna a chomhlíonadh agus a chomhlíonann cuideachtaí móra teicneolaíochta. D'fhéadfadh ualach mór an chomhlíonta sin an nuálaíocht a phlúchadh ag céim luath.
- Is tábhachtaí leatsa Airteagal 2 ná Airteagal 1. Mura féidir leat daoine eile a thabhairt leat agus na pointí a ndéanamh agat maidir le hAirteagal 1, is fearr duit a chinntiú go nglacfar leis an méid is tábhachtaí atá le rá agat maidir le hAirteagal 2.
- Do chuid nótaí:

  ____________________________________________________________


  ____________________________________________________________

  ____________________________________________________________

  ____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | cuspóirbhunaithe | An vótáil a chur siar | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** —nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** —tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Fhionlainn** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 5 563 970 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 48 910 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 7.2 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 15.1 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 53.6 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 OC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN FHRAINC



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

**Is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

### COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN FHRAINC



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar atá an Danmhairg, an Ostair, an Pholainn agus an Rómáin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ _____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá straitéis náisiúnta maidir leis an intleacht shaorga ag do rialtas féin  cheana féin. Léiríonn teideal na straitéise, 'IS ar son na Daonnachta', príomhthosaíocht do thírse: an fhorbairt dhuinelárnach.
- Tá géarghá le guth Eorpach sa díospóireacht dhomhanda maidir leis an intleacht shaorga chun forbairt eiticiúil fhreagrach a chur chun cinn. Go dtí seo, is beag seiceáil a rinneadh ar dhul chun cinn na hintleachta saorga — agus cé go bhfuil rioscaí ann, níor cheart scéal chailleach an uafáis a dhéanamh den intleacht shaorga. Is spreagadh cumhachtach don nuálaíocht agus don fhás í i gcónaí.
- Cé go dtacaíonn tú leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe ar mhaithe leis an tsoiléireacht d'infheisteoirí, **ba cheart an liosta a leathnú chun earnáil an oideachais a áireamh**. Mar shampla, d'fhéadfadh earráidí IS maidir le rangú nó grádú neach léinn a bheith ina gcúis le hidirdhealú agus neamhionannas a threisiú. Is é is cúis leis sin go bhféadfadh laofacht cheilte a bheith sna sonraí lena gcuirtear oiliúint ar mhórán uirlisí intleachta saorga; mar shampla, d'fhéadfaidís buntáiste a thabhairt do bhealaí áirithe scríbhneoireachta nó smaointeoireachta a thagann leis an méid a chonaic siad san am a chuaigh thart. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh córas IS neacha léinn ó chúlraí éagsúla a ghrádú go héagórach nó go mícheart.
- Ó do thaithí féin, tá a fhios agat go mbíonn dreasachtaí rialála ina gcabhair d'fhorbróirí; d'uireasa cistiú poiblí, áfach, tá an baol ann go rachaidh smaointe nuálacha i léig agus go mbeidh imirce daoine oilte agus imirce ghnó ann dá dheasca sin. Ní hamháin nach mór don Aontas creat a ghlacadh ach ní mór dó gealltanas a thabhairt freisin maidir le hinfheistíocht phoiblí shuntasach i bhforbairt na hintleachta saorga.
- Do chuid nótaí:

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá do rialtas féin an-tiomanta do shaoirsí sibhialta. Ag an am céanna, tacaíonn tusa leis an gcur chuige dériain maidir le rialáil IS — cur chuige lena n-áirithítear cosaintí láidre sa spás sibhialtach agus lena gceadaítear caighdeáin níos mó solúbtha don chosaint agus don tslándáil náisiúnta. Tá an tslándáil náisiúnta ríthábhachtach chun na saoirsí ar a bhfuil saoirsí sibhialta ag brath a chaomhnú, agus féadfaidh ról lárnach a bheith ag an intleacht shaorga maidir le sochaithe daonlathacha a chosaint ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn.
- Dá bhrí sin, tá tusa i bhfabhar feidhmeanna míleata, cosanta agus slándála náisiúnta a eisiamh ón rialachán agus rialachán eile a fhorbairt maidir le IS a chur i bhfeidhm sna hearnálacha sin. Cé gur den ríthábhacht i gcónaí an intleacht shaorga a fhorbairt go freagrach, dá mbeadh trédhearcacht iomlán ag teastáil le haghaidh córais IS a bhaineann leis an gcosaint, d'fhéadfadh sé go mbainfí an bonn ón rúndacht oibríochtúil, go gcuirfí moill ar a gcur in úsáid agus go laghdófaí a n-éifeachtacht i dtimpeallachtaí luaineacha nó naimhdeacha.
- Ina theannta sin, maidir leis na ceanglais tástála le haghaidh gach córais IS, tá tusa ar son soiléiriú a thabhairt go mbeidh feidhm ag na ceanglais chéanna maidir le córais IS a iompórtáiltear ó thíortha lasmuigh den Aontas freisin. Molann tú go n-athrófaí an fhoclaíocht go 'Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS a chuirtear in úsáid san Aontas, ...'.
- Do chuid nótaí:

  ____________________________________________________________


  ____________________________________________________________

  ____________________________________________________________

  ____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Íséalriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ‘ardriosca’

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | cuspóirbhunaithe | An t-oideachas a chur san áireamh | arm/cosaint + slándáil náisiúnta | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** —nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, ‘Má tharlaíonn X, déan Y’
- **Tástáil bosca gainimh** —tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Fhrainc |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 68 277 210 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 41 330 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 7.3 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 5.9 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 30.3 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN CHRÓIT



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN CHRÓIT



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Iodáil, an Ísiltír agus an tSlóivéin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ______________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _______________ ______________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ______________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga ‘ardriosca’ a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS ‘ardriosca’ sula seolfar iad.

### D’argóintse

- Tá líon na ngnólachtaí nuathionscanta sa Chróit ag fás go tapa, agus measann na comhairleachtaí gnó go bhféadfadh an t-uathoibriú atá bunaithe ar IS suas le 16 % de OTI a ghiniúint faoi 2025, trí ghnóthachain táirgiúlachta den chuid is mó. D’fhéadfaí uathoibriú a dhéanamh air suas le 52 % de na huaireanta oibre. Cé go bhfuil gealladh faoi sin don fhás eacnamaíoch, tá imní ortsa faoin dífhostaíocht atá ag dul i méid in earnáil an táirgthe.
- Tacaíonn tusa le cur chuige cuspóirbhunaithe an Choimisiúin maidir le haicmiú IS, toisc go léiríonn sé go réalaíoch rioscaí a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs — mar shampla, aghaidh-aithint chun fón a dhíghlasáil *vis-à-vis* an úsáid atá le baint aisti maidir leis an ollfhaireachas.
- Mar sin féin, creideann tusa go bhfuil an trédhearcacht ríthábhachtach: ba cheart do gach córas intleachta saorga, gan beann ar an leibhéal riosca, úsáideoirí a chur ar an eolas go soiléir faoina gcuspóir. Cinntíonn sé sin an chuntasacht agus cosnaíonn sé cearta an duine aonair.
- Maidir le riachtanais tástála, measann tusa go bhfuil na treoirlínte reatha maidir le ‘measúnú riosca’ ródhoiléir. Molann tú measúnú tionchair éigeantach ar chearta an duine le haghaidh IS ardriosca, measúnú a d'fhorbrófaí i gcomhairle leis na pobail lena mbaineann, chun grúpaí leochaileacha a chosaint. A mhéid a bhaineann le do thírse, tá sé ríthábhachtach a shoiléiriú nach mór dóibh siúd a ndéanann laofacht agus sáruithe ar chearta an duine difear dóibh ról gníomhach a bheith acu sa phróiseas measúnaithe, ós rud é go bhfágann a n-eispéiris saoil gurb iadsan na fíor-shaineolaithe sa réimse seo.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- **seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- I do thuairimse, ba cheart do Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga a bheith ina spreagadh d'fhorbairt IS ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Tá cuideachtaí cumhachtacha IS ag roinnt tíortha rachmasacha, agus tá tíortha eile ann atá ar a mbionda éiceachórais gnólachtaí nuathionscanta a bhunú. Nuálaíocht shuaiteach a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse ghearr ama agus gan ach rochtain theoranta ar chaipiteal atá i gceist le gnólachtaí nuathionscanta. Tá sé seo ionann agus a bheith dodhéanta má tá ualach suntasach riaracháin i gceist.
- Dá bhrí sin, thaitneodh leatsa gnólachtaí nuathionscanta (a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe iontu agus láimhdeachas bliantúil níos lú ná €2 mhilliún acu) a dhíolmhú ó Rialachán an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga.
- Mura féidir leat a chur ina luí ar líon leordhóthanach Ballstát eile tacú le do sheasamh, mheasfá gur comhréiteach maith iad acmhainní breise ón Aontas do ghnólachtaí nuathionscanta. Ar an gcaoi sin, ní choinneofaí siar iad mar gheall ar na srianta riaracháin agus buiséadacha arb é an rialachán is cúis leo.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | cuspóirbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Chróit** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 3 850 894 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 19 800 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 6.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 7.9 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 25 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN UNGÁIR



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

Tabhair faoi deara: Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN UNGÁIR



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an tSeicia**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile, roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ___________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ___________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☑ **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**

☐ ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá straitéis náisiúnta IS forbartha ag do rialtas féin le déanaí. Ceann dá chuspóirí is ea an tsochaí a ullmhú chun na hathruithe dosheachanta a eascraíonn as an intleacht shaorga a bhainistiú go héifeachtach agus deis a thabhairt d'earnáil tionsclaíochta agus d'ollscoileanna do thírse leas a bhaint as buntáistí na teicneolaíochta. Tá sé d'aidhm ag do thírse a bheith ina ceann scríbe tarraingteach d'infheistíocht choigríche.
- Creideann tusa go bhféadfadh ráta glactha IS atá ag dul i méid breisluach suntasach a ghiniúint don OTI náisiúnta — acmhainní a bhfuil géarghá leo chun infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar poiblí.
- Feictear duitse go bhfuil ról láidir ag an Aontas Eorpach maidir le hiomaíocht chóir a chinntiú ionas go leanfaidh cuideachtaí Eorpacha agus Ungáracha de bheith iomaíoch sa mhargadh inmheánach agus i slabhraí luacha domhanda.
- Maidir le samhlacha intleachta saorga 'ardriosca' a aicmiú, tá an cur chuige cumasbhunaithe níos oiriúnaí ná an cur chuige cuspóirbhunaithe atá molta ag an gCoimisiún. Má mheastar go bhfuil ísealriosca ag baint leis an gcóras intleachta saorga céanna i gcomhthéacs amháin agus ardriosca i gcomhthéacs eile, d'fhéadfadh sé mearbhall agus éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú d'úsáideoirí, d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Molann tú feidhmchláir mhíleata agus feidhmeanna a bhaineann le cosaint a eisiamh ó rialáil IS, agus cuirfidh tú i dtábhacht go bhféadfadh ró-rialáil sa réimse sin bac a chur ar imscaradh tapa theicneolaíochtaí IS i limistéir choinbhleachta nó le linn freagairt ar ghéarchéimeanna. I gcomhthéacs na héagobhsaíochta réigiúnaí leanúnaí, tá solúbthacht in úsáid na dteicneolaíochtaí sin ríthábhachtach.
- Tá teorainn agaibhse leis an Úcráin — náisiún atá i mbun cogaidh faoi láthair leis an Rúis — fágann sin gur cúis mhór imní don Ungáir an tslándáil náisiúnta agus sábháilteacht a saoránach. Ina theannta sin, is stát teorann í an Ungáir i Schengen, rud a fhágann go bhfuil dúshláin shuntasacha roimpi maidir le sreabha imirce méadaithe a bhainistiú, go háirithe feadh theorainn theas na tíre.
- I bhfianaise na ndúshlán sin, tuiscint agus tacaíocht níos fearr ó chomh-Bhallstáit an Aontais maidir lena dúshláin uathúla gheopholaitiúla agus slándála atá á lorg ag an Ungáir.
- Do chuid nótaí:

  ____________________________________________________________________________


  ____________________________________________________________________________

  ____________________________________________________________________________

  ____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca




## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — Moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | cumasbhunaithe | | arm/cosaint | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Ungáir** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 9 599 744 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 20 630 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 4.1 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 3.7 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 28.1 % |





**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Líon na gcuideachtaí IS de réir tíre (2020)




## Méadú líon na gcuideachtaí IS




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## ÉIRE



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: tá an riosca bunaithe ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# ÉIRE



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agat **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Fhionlainn, an Phortaingéil agus an tSualainn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile, roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ______________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _______________ ______________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ______________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ … aicmiú riosca bunaithe ar chumas: is de réir chumais theicniúla an chórais a chinntear an riosca.

☑ **… aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is i do thírse atá ceanncheathrú OpenAI, Google agus Meta san Aontas Eorpach. Is é bhur leas é na cuideachtaí seo a choinneáil in Éirinn agus féach go dtéann sé seo chun tairbhe don Aontas ina iomláine.
- Is cúis áthais duitse togra an Choimisiúin chun comhchreat de chuid an Aontais maidir leis an intleacht shaorga a thabhairt isteach. Measann tusa go léireoidh sé seo don domhan mór go bhfuil an tAontas réidh le bheith ina lárionad cumhachta IS freagrach.
- Tacaíonn tusa le cur chuige cuspóirbhunaithe an Choimisiúin. Leis an gcur chuige seo — i gcomparáid leis an gcur chuige cumasbhunaithe — is lú an baol go mbeidh coinbhleacht ann leis na ceanglais atá ann cheana i rialacháin earnáilsonracha eile.
- Is mian leatsa a thabhairt chun suntais go dtagann go leor rioscaí IS chun cinn tar éis an chur chun feidhme; fágann sin go gcreideann tusa gurb é an faireachán iarmhargaidh an ghné is tábhachtaí. **D'fhéadfadh liosta na gceanglas atá le comhlíonadh sula seolfar córas IS a bheith beagán níos solúbtha**.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- **seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tú nach mór don intleacht shaorga agus don réabhlóid dhigiteach an comhionannas inscne a spreagadh san Aontas. Tá na mná faoi ghannionadaíocht i mbeagnach gach réimse agus gach leibhéal sna hearnálacha a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht. Leagfaidh tú béim ar a thábhachtaí atá sé tacú go gníomhach lena rannpháirtíocht i múnlú na hintleachta saorga.
- Cuireann gnólachtaí nuathionscanta deis uathúil ar fáil. Murab ionann agus na mórchuideachtaí teicneolaíochta, is minic gur lú é an neamhionannas inscne sna gnólachtaí nuathionscanta; is minic freisin go gcuireann siad bealaí níos inrochtana ar fáil do mhná agus dóibh siúd aiteach ó thaobh inscne de in earnáil na hintleachta saorga. Tá sé tugtha faoi deara freisin go n-éiríonn le meithleacha atá ilghnéitheach ilchineálach intleacht shaorga nach bhfuil chomh laofa agus atá níos eiticiúla a chruthú. Is ceart don Aontas a leithéid seo a spreagadh.
- Tá sé d'aidhm ag gnólachtaí nuathionscanta – mar is dual dá leithéidí – nuáil a dhéanamh go tapa le hacmhainní teoranta. Tig le hualaí troma riaracháin bac a chur ar an acmhainneacht sin, go háirithe d'fhoirne beaga atá ag lorg bealach isteach.
- Fágfaidh sé sin go dtacóidh tusa le gnólachtaí nuathionscanta beaga (a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe iontu agus láimhdeachas bliantúil níos lú ná €2 mhilliún acu) a dhíolmhú go hiomlán ó Rialachán an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ‘ardriosca’

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | cuspóirbhunaithe | Solúbthacht maidir le tástáil | gnólachtaí nuathionscanta | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** | **Éire** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 5 271 395 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 96 290 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 4.3 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 8 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 43.8 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu



© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN IODÁIL



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN IODÁIL



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Chróit, an Ísiltír agus an tSlóivéin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ______________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ ______________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ______________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Creideann rialtas sin agaibhse gur cheart rialáil IS a láimhseáil ar an leibhéal Eorpach, ó tharla go mbainfeadh rialacha náisiúnta an bonn d'iomaíochas agus d'uathriail straitéiseach an Aontais.
- I gcomhréir le hAirteagal 3 de Bhunreacht na hIodáile ('Is comhionann dínit shóisialta gach saoránach agus is comhionann os comhair an dlí iad') agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ní mór don intleacht shaorga an chuimsitheacht, an inbhuanaitheacht agus cearta an duine a chur chun cinn — a fhónfaidh don duine agus don domhan araon.
- Feictear duitse go bhfuil deacrachtaí ag baint leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe ar an ábhar go gcruthaítear neamhréireachtaí earnála: mar shampla, déantar an IS a chuidíonn le gnáthamh máinliachta agus an IS a shannann seomraí ospidéil a aicmiú mar ardriosca, cé gur mór eatarthu ó taobh tionchair. Dar leatsa, is fearr a léiríonn an cur chuige cumasbhunaithe fíorchontúirtí an tsaoil, cé go dtacaíonn tú le nuashonruithe rialta ar an liosta riosca chun cumais intleachta saorga atá ag teacht chun cinn a léiriú.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- **ach i gcás ina bhforbraíonn cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta iad (agus)**
- ach amháin nuair a fhorbraítear iad chun críoch míleata nó cosanta (agus)
- ach amháin nuair a fhorbraítear iad ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann

### D'argóintse

- I do thuairimse, ba cheart do Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga a bheith ina spreagadh d'fhorbairt IS ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Ó tharla gur spreagadh ríthábhachtach na gnólachtaí nuathionscanta don nuálaíocht, níor cheart don Ghníomh um an Intleacht Shaorga ualach ró-iomarcach a chur ar ghnólachtaí nuathionscanta IS — d'fhéadfadh na diancheanglais tástála an iomarca brú a chur ar acmhainneacht airgeadais agus riaracháin na ngnólachtaí nuathionscanta.
- Ar an gcúis sin, molfaidh tusa gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil níos lú ná scór fostaithe iontu agus láimhdeachas bliantúil níos lú ná €4 mhilliún acu) a dhíolmhú ón rialachán. Ina ionad sin, ba cheart dóibh na ceanglais maidir le samhlacha intleachta saorga ísealriosca a chomhlíonadh. Measann tusa gur comhréiteach cothrom é seo agus tá sé d'aidhm agat an plé a stiúradh ina leith.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________


  ______________________________________________

  ______________________________________________

  ______________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | cumasbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Iodáil |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 58 997 201 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 36 130 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 7.7 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 5.1 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 22.2 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d’fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)



© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse



| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN LIOTUÁIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the European Union

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN LIOTUÁIN



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Eastóin, an Laitvia, an tSeicia agus an Ungáir**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is í an tionscal déantúsaíochta an earnáil is mó i ngeilleagar na Liotuáine, agus gineann sí 20.4 % de OTI na tíre. Ach, tá an táirgiúlacht íseal saothair ar cheann de na príomhdhúshláin atá agaibhse — saincheist ar féidir leis an intleacht shaorga cabhrú chun aghaidh a thabhairt uirthi trí ghnáthchúraimí a uathoibriú.
- Dá bhrí sin, molfaidh tusa creat lenar féidir an nuálaíocht agus an tástáil a dhéanamh in aisce. Agus, síleann tú gurb é an cur chuige cumasbhunaithe is fearr chun na críche sin.
- Chuirfeadh an iomarca rialála moill ar an nuálaíocht agus dhéanfadh sé dochar do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha i réimse na hintleachta saorga ó tharla costas a bheith ag baint leis na ceanglais chomhlíontachta. . Dá bhrí sin, síleann tusa go mbeadh ró-rialáil ar bun ag an Aontas dá measfaí go bhfuil ardriosca ag baint leis na córais intleachta saorga uile atá 'in ann sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir'. Cumhdófar ceisteanna a bhaineann le sonraí faoi Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí.
- Cé go bhfuil roinnt de na Ballstát ag éileamh rialacha níos déine mar gheall ar imní faoi chearta an duine, áitíonn tú gur féidir leis an intleacht shaorga a bheith ina huirlis chumhachtach freisin chun na cearta sin a chosaint. Tig leis cabhrú leis an gclaontacht maidir le hearcú, póilíneacht agus cinnteoireacht a laghdú, cosaint a thabhairt ar chibirionsaithe agus sonraí pearsanta a chosaint. Agus cé gur féidir leis an intleacht shaorga mífhaisnéis nó domhainbhrionnuithe a ghiniúint, is féidir oiliúint a chur uirthi freisin chun feiniméin den sórt sin a bhrath agus a chomhrac. Ba cheart don Aontas tacú go gníomhach leis an nuálaíocht maidir leis na húsáidí cosanta sin a bhaintear as an intleacht shaorga.
- Do chuid nótaí:

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

**gan eisceacht**

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Maidir le hAirteagal 1, cé go gcreideann tú go láidir sna rialacha, teastaíonn uaitse go mbeadh níos mó saoirse ann ar mhaithe leis an nuálaíocht. Tá loighic leis an rialáil nuair a bhaineann sé le cách. Tugann sé léargas níos soiléire d'fhorbróirí ar an méid a bhfuiltear ag súil leis agus cuidíonn sé leis an Aontas cur chuige comhsheasmhach a léiriú maidir leis an intleacht shaorga fhreagrach.
- Níor cheart na gnólachtaí nuathionscanta ná na cuideachtaí beaga a fhágáil as an gcomhaireamh ach oiread. Bíodh an chuideachta beag, ní hionann sin agus a rá nach féidir leis an teicneolaíocht atá aici dochar a dhéanamh. Ina theannta sin, má tá díolúine acu, d'fhéadfadh na cuideachtaí móra tionscadail a bhfuil riosca ag baint leo a aistriú chucu chun na ceanglais tástála a sheachaint. Is lúb ar lár é sin a bhféadfaí teacht i dtír uirthi agus ba cheart don Aontas a chinntiú nach dtarlóidh sé sin.
- Cheana féin, tá sé ina chúis imní: sa tSín, baineadh úsáid as teicneolaíocht aghaidh- agus mothúchán-aitheanta atá cumhachtaithe ag IS chun díriú ar mhionlach Moslamach na nUigiúrach, rud a d'fhág go ndearnadh féinchinsireacht agus gur cuireadh go leor daoine faoi choinneáil i 'gcampaí athoideachais', mar a thugtar orthu. Sna Stáit Aontaithe, chnuaschóipeáil Clearview AI na billiúin íomhánna ó ardáin na meán sóisialta gan toiliú agus dhíol sé an uirlis le gníomhaireachtaí, mar shampla an FBI agus Gníomhaireacht Forfheidhmithe Inimirce agus Custam Stát Aontaithe Mheiriceá (ICE). Sa Ríocht Aontaithe, bhain ráta earráide ard le trialacha Phóilíní Chathair Londain (Met Police) in úsáid na haghaidh-aitheanta beo, go háirithe i gcás daoine gorma.
- Creideann tusa go bhféadfaí na saincheisteanna sin a sheachaint le trialacha cuí agus rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach duine — gan aon eisceacht.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________


____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | cumasbhunaithe | | gan eisceacht | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Liotuáin** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 2 857 279 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 25 700 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 6.9 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 4.9 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 25.9 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 OC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## LUCSAMBURG



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023 atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## LUCSAMBURG



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bhulgáir, Málta agus an tSlóvaic**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le*_____________________________________ .

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar* _____________ _____________________________________________ .

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar* ___ _____________________________________________ .

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá tíortha ann – an Ghearmáin agus an Spáinn – a bhfuil sé d'aidhm acu deireadh a chur leis an laofacht is lú a bhaineann leis an intleacht shaorga; ní dóigh leatsa go bhfuil sé seo réadúil. Go deimhin, tig leis an intleacht shaorga – nuair a fhorbraítear go freagrach í – claon an duine a laghdú. Féachfaidh tusa leis an díospóireacht a stiúradh i dtreo bealach níos réadúla a léiríonn riachtanais uile na mBallstát. Má chuirtear i do leithse go bhfuil beag is fiú á dhéanamh agat de na rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga, easaontóidh tú go láidir leis an méid sin: níl uaitse ach tús áite a thabhairt do na rioscaí is práinní. Ar an gcúis sin, tá cur chuige cuspóirbhunaithe ríthábhachtach.
- Mar shampla, níor cheart don intleacht shaorga córais leictreachais nó idirlín a chur i mbaol, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ospidéil agus beatha daoine i réigiúin. Cuireann an cur chuige cumasbhunaithe baileabhair ort.
- Tá tusa i bhfabhar forbairt níos tapúla IS a chumasú, lena n-áirítear sna hearnálacha ardriosca. Mar sin féin, tá faitíos ort nach bhfuil an acmhainneacht airgeadais ag do thírse chun leas iomlán a bhaint as deiseanna IS faoi rialacha dochta. Dá bhrí sin, molfaidh tusa roinnt maoluithe ar liosta na gceanglas (féach Iarscríbhinn II); eisiafar iniúchtaí seachtracha ach áireofar an fhéidearthacht go ndéanfaí tástáil faoi fhíordhálaí domhanda. Ar an gcaoi sin, fágfar faoin bhforbróir cén tástáil is ceart a chur i bhfeidhm, ar bhonn a n-acmhainneacht airgeadais.
- Más deacair teacht ar chomhthoil maidir leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe, **tá tú toilteanach clásal a chomhaontú maidir le hathbhreithniú laistigh de thrí bliana**.
- Do chuid nótaí:

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- **seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tú nach mór don intleacht shaorga agus don réabhlóid dhigiteach an comhionannas inscne a spreagadh san Aontas. Tá na mná faoi ghannionadaíocht i mbeagnach gach réimse agus gach leibhéal sna hearnálacha a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht. Leagfaidh tú béim ar a thábhachtaí atá sé tacú go gníomhach lena rannpháirtíocht i múnlú na hintleachta saorga.
- Cuireann gnólachtaí nuathionscanta deis uathúil ar fáil. Murab ionann agus na mórchuideachtaí teicneolaíochta, is minic gur lú é an neamhionannas inscne sna gnólachtaí nuathionscanta; is minic freisin go gcuireann siad bealaí níos inrochtana ar fáil do mhná agus dóibh siúd aiteach ó thaobh inscne de in earnáil na hintleachta saorga. Tá sé tugtha faoi deara freisin go n-éiríonn le meithleacha atá ilghnéitheach ilchineálach intleacht shaorga nach bhfuil chomh laofa agus atá níos eiticiúla a chruthú. Is ceart don Aontas a leithéid seo a spreagadh.
- Tá sé d'aidhm ag gnólachtaí nuathionscanta – mar is dual dá leithéidí – nuáil a dhéanamh go tapa le hacmhainní teoranta. Tig le hualaí troma riaracháin bac a chur ar an acmhainneacht sin, go háirithe d'fhoirne beaga atá ag lorg bealach isteach.
- Fágfaidh sé sin go dtacóidh tusa le gnólachtaí nuathionscanta beaga (a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe iontu agus láimhdeachas bliantúil níos lú ná €2 mhilliún acu) a dhíolmhú go hiomlán ó Rialachán an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| Leibhéal riosca | Freagairt |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

### Cur chuige cumasbhunaithe

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

### Cur chuige cuspóirbhunaithe

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | cuspóirbhunaithe | Athbhreithniú faoi cheann 3 bliana | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | Lucsamburg |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 660 809 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 121 290 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.2 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 14.5 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 27.9 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu



© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse



| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN LAITVIA



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN LAITVIA

## An Clár Oibre



Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Eastóin, an Liotuáin, an tSeicia agus an Ungáir**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ___________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ___________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☑ **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**

☐ ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá tú meáite ar a chinntiú go gcuirfear réitigh dhigiteacha chun feidhme sa Laitvia. Cruthaíonn sé sin éilimh nua chun faisnéis íogair agus bonneagar digiteach a chosaint, rud atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a choinneáil ar bun.
- Maidir le samhlacha intleachta saorga 'ardriosca' a aicmiú, tá an cur chuige cumasbhunaithe níos oiriúnaí ná an cur chuige cuspóirbhunaithe. Má mheastar go bhfuil ísealriosca ag baint leis an gcóras intleachta saorga céanna i gcomhthéacs amháin agus ardriosca i gcomhthéacs eile, d'fhéadfadh sé mearbhall agus éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú d'úsáideoirí, d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí.
- Chun an infheistíocht is gá san intleacht shaorga a mhealladh, tá sé ríthábhachtach an creat ceart a bhunú. Dar leatsa, creat é sin a chosnaíonn cearta bunúsacha go cúramach agus a cheadaíonn próisis nuálaíochta atá in aisce agus solúbtha ag an am céanna. Más áil leis an Aontas dul in iomaíocht le lárionaid cumhachta IS, mar atá na Stáit Aontaithe agus an tSín, ní mór dó barr feabhais a léiriú. Ní bheidh rath ar an mbarr feabhais sin faoi rialacha róshriantacha lena gcuirtear teorainn leis an bhforbairt thurgnamhach. Ar na cúiseanna sin, ba mhaith leatsa maoluithe áirithe a mholadh ar liosta na gceanglas le haghaidh na gcóras IS ardriosca (féach Iarscríbhinn II). Síleann tusa **gurbh fhearr 'an faireachán iarmhargaidh' a bhaint mar cheanglas éigeantach**, toisc nach heol go baileach a bhfuil i gceist leis an oibleagáid sin.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Ar an iomlán, aontaíonn tú leis na tíortha sin a mholann nár cheart aon díolúintí a bheith ann, lena n-áirítear do chomharsa agus comhghuaillí mór, an Liotuáin. Síleann tú go bhfuil ciall le tacú le creat comhpháirteach Eorpach maidir le rialáil IS nach ndéantar foráil ann maidir le díolúintí neamhriachtanacha.
- Mar sin féin, ó tharla ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá tú féin agus na stáit Bhaltacha eile san airdeall ar ionsaí a d'fhéadfadh an Rúis a dhéanamh ar an Aontas Eorpach. Tá teorainn agaibhse leis an Rúis a mbíonn tú féin agus fórsaí ECAT ag cosaint lá i ndiaidh lae.
- Dá bhrí sin, tá tusa sásta plé a dhéanamh ar mhaoluithe teoranta chun críoch míleata agus cosanta — ach ní chun críoch slándála náisiúnta i gcoitinne. Cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát í an tslándáil náisiúnta, má fhágtar go hiomlán lasmuigh de chreat an Aontais í, tá an baol ann go gcruthófar lúb ar lár agus ilroinnt rialála. Tig le cur chuige bonnlíne íosta de chuid an Aontais comhsheasmhacht (agus soiléireacht d'fhorbróirí) a chur chun cinn, agus seasamh comhleanúnach a léiriú maidir le IS a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta ar fud an Aontais.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | cumasbhunaithe | Gan faireachán iarmhargaidh a áireamh | arm/cosaint | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** | **An Laitvia** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 1 883 008 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 20 930 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 6.5 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 4.5 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 16.6 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## MÁLTA



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

**Is in 2023**
**atá an chaibidlíocht ar siúl!**

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d’aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann ‘ardriosca’ a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS ‘ardriosca’ sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## MÁLTA



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bhulgáir, Lucsamburg agus an tSlóvaic**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ______________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ ______________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ______________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá Málta ar cheann de na Ballstáit is lú san Aontas agus 550 000 ina gcónaí ann. Is náisiún oileánach é atá an-tiomanta don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm agatsa infheistíocht choigríche agus tallann oilte a mhealladh chun earnáil intleachta saorga stóinseach a fhorbairt; leagfaidh tú béim ar chúrsaí leighis agus ar bhonneagar criticiúil — réimsí a mheastar a mbeidh torthaí arda ag baint leo.
- Tacaíonn tú le togra an Choimisiúin le haghaidh creat cothrománach intleachta saorga, agus go háirithe an cur chuige cuspóirbhunaithe maidir le bainistíocht riosca; feictear duitse go bhfuil sé loighciúil iomchuí toisc go bhfuil sé níos éasca do rialtóirí measúnú a dhéanamh ar fheidhmchláir shonracha ná meastóireacht a dhéanamh ar chumais theibí samhla.
- Tá sé ríthábhachtach a chur in iúl ag plé an lae inniu go bhfuil saoirse ag teastáil ón gcruthaitheacht theicneolaíoch — ba cheart glacadh seachas srian a chur leis an nuálaíocht. Chun tacú leis sin, is den tábhacht tástáil faoi fhíordhálaí domhanda na samhlacha nua intleachta saorga a chur chun cinn. Cé gur maith ann tástáil bosca gainimh, is minic nach leor é chun fíordhálaí domhanda a mhacasamhlú go hiomlán. Dá bhrí sin, maidir leis na ceanglais, **molfaidh tusa tástáil faoi fhíordhálaí domhanda a chur chun cinn** seachas tástáil bosca gainimh.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá sé ríthábhachtach duit go bhfanfaidh ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an arm nó leis an gcosaint lasmuigh de raon feidhme an rialacháin maidir le IS. Ní inniúlacht de chuid an Aontais í an tslándáil náisiúnta. Luaite in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an méid seo: 'Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin'. Ós amhlaidh atá, níl aon chiall le srian a chur ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a rialaítear IS i bhfeidhmchláir slándála náisiúnta.
- Ar an taobh eile, ní léir duitse aon chúis le gnólachtaí nuathionscanta a eisiamh ón rialachán. Bíodh an chuideachta beag, ní hionann sin agus a rá nach féidir leis an teicneolaíocht atá aici dochar a dhéanamh. Ina theannta sin, má tá siad díolmhaithe, d'fhéadfadh cuideachtaí móra tionscadail a bhfuil riosca ag baint leo a aistriú chucu chun na ceanglais tástála a sheachaint. Is lúb ar lár é sin a bhféadfaí teacht i dtír uirthi agus ba cheart don Aontas a chinntiú nach dtarlóidh sé sin.
- Do chuid nótaí:

  ___________________________________________________________________________


  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________

  ___________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | cuspóirbhunaithe | Tástáil san fhíorshaol | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | Málta |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 542 051 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 37 110 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 3.5 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 13.2 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 37 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN ÍSILTÍR



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the European Union

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2


### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN ÍSILTÍR



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Chróit, an Iodáil agus an tSlóivéin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le*______________________________________ .

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar* _____________ ____________________________________________ .

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar* ___ ___________________________________________ .

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☑ **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**

☐ ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is príomhthosaíocht ag do rialtas féin na luachanna náisiúnta agus an rathúnas eacnamaíoch a chaomhnú. Measann an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go bhféadfadh an intleacht shaorga difear a dhéanamh do suas le 60 % de phoist, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí ciorruithe ar phoist agus go mbeidh méadú ag teacht ar an ngá atá le hoibrithe a bhfuil scileanna IS acu. Chuirfeadh an dífhostaíocht neamhrialaithe geilleagar na hÍsiltíre i mbaol mór. Dá bhrí sin, is díol sásaimh duitse togra an Choimisiúin creat tástála éigeantach a fhorchur le haghaidh teicneolaíochtaí ardriosca.
- Tacaíonn tú freisin le litearthacht IS níos fearr i sochaí na hÍsiltíre ionas go mbeidh daoine in ann an laofacht nó an ionramháil a aithint agus muinín mhí-iontaobhach na gcóras uathoibrithe a sheachaint. Tá an cur chuige cumasbhunaithe níos oiriúnaí don sprioc sin, toisc go ndíríonn sé ar na rioscaí iarbhír a bhaineann leis an mí-úsáid agus an ionramháil: tá cumais áirithe — mar shampla an aghaidh-aithint — i mbaol mí-úsáide nó teipe ó nádúr, gan beann ar an gcomhthéacs.
- Le córas cumasbhunaithe, seachnaítear neamhrialáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí den chineál seo díreach toisc go n-úsáidtear iad in earnálacha 'ísealriosca'. Mar shampla, d'fhéadfadh córas intleachta saorga miondíola lena rianaítear gluaiseacht na gcustaiméirí, lena dtuartar iompraíocht agus lena n-úsáidtear aghaidh-aithint chun promóisin a chur in oiriúint nó custaiméirí 'ardluacha' a mharcáil trí ghrinnscrúdú a sheachaint faoi shamhail earnáilbhunaithe. Mar sin féin, is cúis mhór imní iad na cumais bhunúsacha maidir leis an bpríobháideachas, an próifíliú agus an t-idirdhealú.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Tá tú i bhfabhar eisceachtaí chun críoch slándála náisiúnta. Ní inniúlacht de chuid an Aontais í an tslándáil náisiúnta. Luaite in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an méid seo: 'Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin'. Ós amhlaidh atá, níl aon chiall le srian a chur ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a rialaítear IS i bhfeidhmchláir slándála náisiúnta.
- Ar an taobh eile, ní léir duitse aon chúis le gnólachtaí nuathionscanta a eisiamh ón rialachán. Bíodh an chuideachta beag, ní hionann sin agus a rá nach féidir leis an teicneolaíocht atá aici dochar a dhéanamh. Ina theannta sin, má tá díolúine acu, d'fhéadfadh na cuideachtaí móra tionscadail a bhfuil riosca ag baint leo a aistriú chucu chun na ceanglais tástála a sheachaint. Is lúb ar lár é sin a bhféadfaí teacht i dtír uirthi agus ba cheart don Aontas a chinntiú nach dtarlóidh sé sin.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó**— IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | cumasbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An Ísiltír |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 17 811 291 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 59 720 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 3.6 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 14.1 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 54.5 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 OC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN PHOLAINN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar siúl!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

### COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN PHOLAINN



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Danmhairg, an Fhrainc, an Ostair, agus an Rómáin**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ _____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is beag ollchuideachtaí teicneolaíochta domhanda atá ag an bPolainn, rud a fhágann gur iontach an deis í an intleacht shaorga d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Is bunaithe ar fhuinneamh, ar thionsclaíocht, ar thalmhaíocht agus ar lóistíocht atá gheilleagar do thírse, rud a fhágann gur maith mar a fheilfidh sé di tairbhe a bhaint as glacadh na hintleachta saorga.
- Tuigtear duitse go bhféadfadh laofacht, idirdhealú agus rioscaí don phríobháideachas a bheith ag baint leis an intleacht shaorga, toisc nach bhfuil aon tacar sonraí iomlán neodrach. Dá bhrí sin, luíonn sé le réasún rialacháin dhiana a fhorchur maidir leis na córais intleachta saorga ardriosca is mó a bhaineann baol díobhála leo, rud a chuideoidh le haon tionchar tromchúiseach a chosc agus cearta bunúsacha a chosaint.
- Tacaíonn tusa leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe, lena gcruthaítear dreasachtaí soiléire: tugtar solúbthacht d'earnálacha ísealriosca le haghaidh na nuálaíochta, agus beidh ar na hearnálacha ardriosca dianchaighdeáin an Aontais a chomhlíonadh. Neartóidh sé sin an mhuinín as IS de dhéantús na hEorpa, a bhfuil cáil uirthi ar fud an domhain mar gheall ar a cáilíocht agus a sábháilteacht.
- Do chuid nótaí:

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,


- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)**
- seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Molann tú feidhmchláir mhíleata agus feidhmeanna a bhaineann le cosaint a eisiamh ó rialáil IS, agus cuirfidh tú i dtábhacht go bhféadfadh ró-rialáil sa réimse sin bac a chur ar imscaradh tapa theicneolaíochtaí IS i limistéir choinbhleachta nó le linn freagairt ar ghéarchéimeanna. I gcomhthéacs na héagobhsaíochta réigiúnaí leanúnaí, tá solúbthacht in úsáid na dteicneolaíochtaí sin ríthábhachtach.
- Tá teorainn agaibhse leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin — fágann sin gur cúis mhór imní don Pholainn an tslándáil náisiúnta agus sábháilteacht na saoránach. Ina theannta sin, feadh a teorann leis an mBealarúis, tá dúshláin shuntasacha le sárú ag an bPolainn maidir le gluaiseachtaí dídeanaithe méadaithe a bhainistiú.
- I bhfianaise na ndúshlán sin, tuiscint agus tacaíocht níos fearr ó chomh-Bhallstáit an Aontais maidir lena dúshláin uathúla gheopholaitiúla agus slándála atá á lorg ag an bPolainn.
- Do chuid nótaí:

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

### Cur chuige cumasbhunaithe

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

### Cur chuige cuspóirbhunaithe

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS 'ardriosca'

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** | **An Pholainn** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 36 753 736 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 19 980 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 2.8 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 3.7 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 20.1 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.





Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN PHORTAINGÉIL



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

**Is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN PHORTAINGÉIL



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leasanna agus seasaimh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh agatsa agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla Éire, an Fhionlainn, agus an tSualainn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le ____________________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ______________ ____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar _____ ____________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Is ceann scríbe thar a bheith tarraingteach í an Phortaingéil do chuideachtaí idirnáisiúnta ardteicneolaíochta mar gheall ar scileanna teicniúla a cuid oibrithe. Féach leithéidí Tekever, cuideachta a fhorbraíonn samhlacha intleachta saorga d'fhaireachas drón i gcomhthéacs tráchtála agus míleata araon. Ar bhonn tráchtála, úsáidtear na dróin seo chun faireachán a dhéanamh ar phíblínte le haghaidh sceite nó gníomhartha sabaitéireachta, rud a chosnaíonn an bonneagar criticiúil. Úsáideann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) córais Tekever freisin chun tacú le hoibríochtaí garda cósta agus le hiarrachtaí cosanta comhshaoil.
- Cé go bhfuil tú i bhfabhar an chur chuige chuspóirbhunaithe, tá faitíos ort go bhfágfadh cur síos doiléir ar na hearnálacha an Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga lag agus neamhbheacht. Tá cur síos níos beaichte uaitse ar a bhfuil i gceist le 'bonneagar criticiúil', lena gcumhdaítear giniúint leictreachais, an teileachumarsáid, an soláthar uisce, cúrsaí talmhaíochta, téamh agus iompar.
- Ag plé an lae inniu, tá súil agatsa teacht ar chomhaontú maidir le téacs críochnaitheach Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga – téacs a d'fhónfadh mar a bheadh treoir ann d'fhorbairt iontaofa IS san Eoraip. Tá tú go mór i gcoinne clásal maidir le hathbhreithniú laistigh de chúpla bliain, ós rud é go mbainfeadh sé sin an bonn de mhuinín na n-infheisteoirí. Más ann don éiginnteacht, **b'fhearr go mór fada an vóta a chur siar** ná é a bheith beartaithe roimh ré na rialacha a athscríobh.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

gan eisceacht

**gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte**

seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Creideann tusa gur cheart rialacha soiléire a bheith ann a mbeidh feidhm acu maidir le gach earnáil — an tslándáil náisiúnta agus an fhaisnéis san áireamh. Dá ndéanfaí na hearnálacha sin a fhágáil amach, chruthófaí bealaí éalaithe dlíthiúla agus mhéadófaí an baol nach ndéanfar seiceáil ar chórais IS atá mí-eiticiúil nó díobhálach.
- Níl sé i gceist agat bac a chur ar an intleacht shaorga sa tslándáil náisiúnta – is é atá i gceist a chinntiú go ndeartar go freagrach í chun aon laofacht nó idirdhealú a sheachaint.
- Is iad samhlacha foinse oscailte an t-aon eisceacht a mbeadh glacadh agatsa léi: is maith mar a spreagann na samhlacha sin an nuálaíocht toisc go bhforbraítear go trédhearcach iad. Bíonn forbróirí ag baint triail as rudaí nua agus dá n-oiliúint féin i dteannta a chéile, agus eolas á chomhroinnt acu chun uirlisí a fheabhsú. Is minic gur fusa cigireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha IS foinse oscailte ná ar shamhlacha dílsithe, rud a thagann le spriocanna an Ghnímh.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________________________


____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais ‘ardriosca’**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d’úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ‘ardriosca’

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | cuspóirbhunaithe | An vótáil a chur siar | foinse oscailte | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe

- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a fhágann oibrithe oilte a dtír chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic go ndéantar seo ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil saor in aisce do dhuine ar bith ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**


| | **An tAontas Eorpach** | **An Phortaingéil** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 10 516 621 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 25 330 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 6.5 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 7.9 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 29.9 % |

Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann córas IS amháin, ar a laghad, agus a bhfuil breis agus deichniúr fostaithe iontu (2021)




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu

© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC-01-25-006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC-01-25-006-GA-N |


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN RÓMÁIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the European Union

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN RÓMÁIN

# An Clár Oibre



Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Danmhairg, an Fhrainc, an Ostair, agus an Pholainn**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le___________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ ___________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___ ___________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe do IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Feabhas a chur ar shaol na saoránach agus a chinntiú go mbeidh an tionchar dearfach is mó is féidir ag forbairt na hintleachta saorga ar an tsochaí sprioc sin agatsa.
- I bprionsabal, tá tú i bhfabhar cur chuige cuspóirbhunaithe, toisc go ndealraíonn sé go bhfuil sé loighciúil agus comhréireach riosca a shainiú bunaithe ar na hearnálacha ina n-úsáidtear samhail intleachta saorga. Mar sin féin, síleann tusa go bhféadfaí liosta na n-earnálacha a laghdú. Ní fheictear duit gur gá na rialacha céanna a chur i bhfeidhm maidir le samhlacha intleachta saorga a úsáidtear i mbonneagar criticiúil agus maidir le próisis earcaíochta agus ardaithe céime san ionad oibre.
- Ina ionad sin, ba mhaith leatsa na réimsí a chumhdaítear faoi 'bonneagar criticiúil' a shonrú. Dar leatsa, d'fhéadfaí é sin a léirmhíniú amhail is dá dtiocfadh an talmhaíocht agus earnálacha eacnamaíocha eile faoin gcatagóir sin freisin. Cé go bhfuil an talmhaíocht tábhachtach don gheilleagar agus don soláthar bia, ní fheictear duitse go bhfuil géarghá leis an earnáil sin a rialáil ró-mhór. Ba cheart gurb iad na hearnálacha ardriosca na hearnálacha sin lena mbaineann cinntí láithreacha maidir le beatha agus bás.
- Leagfaidh tusa béim ar a thábhachtaí atá creat intleachta saorga a thacaíonn le Ballstáit uile an Aontais, ní hamháin leis na Ballstáit shaibhre. Má bhíonn an chosúlacht ar an scéal nach mbeifear in ann teacht ar chomhréiteach inniu, tá tú sásta glacadh le cur chuige cumasbhunaithe. Sa chás seo, áfach, molfaidh tú an talmhaíocht a shainiú mar earnáil ísealriosca.
- Do chuid nótaí:

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

- gan eisceacht
- gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte
- seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)
- seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)
- **seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é**

### D'argóintse

- Cé gur earnáil í an talmhaíocht ina bhfuil tú ag súil leis an tairbhe is mó a bhaint as an intleacht shaorga, tá tú ag súil freisin go mbeidh buntáistí suntasacha ag baint leis an intleacht shaorga i réimse fhorfheidhmiú an dlí. Mar sin féin, is ábhar imní duit go bhféadfadh sé go mbeadh baol ann go nochtfaí algartaim íogaire nó sonraí oibríochtúla do rialtóirí dá gcuirfí gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí faoi réir ceanglais tástála — dá laghad iad. Dá réir sin, d'fhéadfadh sceitheadh féideartha a bheith mar thoradh air sin agus d'fhéadfadh sé imscrúduithe atá ar bun a chur i mbaol.
- Dá bhrí sin, tacóidh tusa le hiarratais slándála náisiúnta a eisiamh ón rialachán, agus cuirfidh tú i bhfios go láidir nach mór do phóilíní agus do ghníomhaireachtaí slándála náisiúnta a bheith in ann gníomhú go tapa agus go solúbtha ina n-iarrachtaí chun an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac.
- Mura féidir freastal go hiomlán ar d'iarratas le linn phlé an lae inniu, tá tú sásta teacht ar chomhréiteach ina bhféadfaí athbhreithniú, laistigh de dhá bhliain, a dhéanamh ar an rialachán.
- Do chuid nótaí:

  ____________________________________________________________________________


  ____________________________________________________________________________

  ____________________________________________________________________________

  ____________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | cuspóirbhunaithe | | an tslándáil náisiúnta | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile, ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle is minic
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** —bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | **An tAontas Eorpach** | **An Rómáin** |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 19 054 548 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 17 010 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.6 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 1.5 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 9 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: [www.consilium.europa.eu](http://www.consilium.europa.eu)
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 QC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN tSLÓIVÉIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Council of the
European Union

European Commission

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe**. Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



# AN tSLÓIVÉIN



## An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Chróit, an Iodáil agus an Ísiltír**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D’fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le___________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar ____________ .*
*___________________________________________*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar ___*
*__________________________________________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

- [x] **... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.**
- [ ] ... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

### D'argóintse

- Tá do thírse tiomanta do chlaochlú digiteach cuimsitheach agus éifeachtúil, atá fréamhaithe san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, sa chomhar idirghlúine agus i bhfás thallann dhigiteach na Slóivéine. Is ceart féachaint ar an intleacht shaorga, dar leatsa, mar uirlis a fhónann don chine daonna.
- Tacaíonn tú leis an gcur chuige cumasbhunaithe toisc gur fearr a léiríonn sé na rioscaí iarbhír, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bpríobháideachas. Meastar duitse go bhfuil sé an-réasúnach gach IS atá in ann 'sonraí pearsanta a phróiseáil, a anailísiú agus a ghiniúint' a aicmiú mar 'ardriosca', mar a mholtar sa chur chuige cumasbhunaithe.
- Ag plé an lae inniu, tarraingeoidh tú aird ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta an duine, don cheartas agus do ghníomhaíochtaí an duine. Bíonn riosca nach beag ag baint leis an intleacht shaorga nuair nach gcuirtear oiliúint ar dhaoine faoin gcaoi a n-oibríonn sí, faoin méid is féidir léi a dhéanamh agus faoi na teorainneacha a bhaineann léi. Gan litearthacht bhunúsach san intleacht shaorga, tá an baol ann go bhféadfadh duine muinín iomlán a bheith acu as córais uathoibrithe, go dteipfeadh orthu claon nó cúbláil a aithint agus nach mbeidís in ann forbróirí nó institiúidí a thabhairt chun cuntais. Fágann an easpa tuisceana sin go méadaítear ar an leochaileacht i leith na mífhaisnéise freisin, déantar éagothromaíochtaí sóisialta a dhoimhniú agus d'fhéadfadh eagla neamhréasúnach nó glacadh neamhchriticiúil teicneolaíochtaí intleachta saorga a bheith mar thoradh air. Chun a chinntiú go n-úsáidfear IS go sábháilte agus go cothrom, tá oiliúint ar an bpobal fíor-riachtanach.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

gan eisceacht

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

**seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- I do thuairimse, ba cheart do Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga a bheith ina spreagadh d'fhorbairt IS ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Tá cuideachtaí cumhachtacha IS ag roinnt tíortha rachmasacha, agus tá tíortha eile ann atá ar a mbionda a n-éiceachórais IS a neartú le gnólachtaí nuathionscanta. Nuálaíocht shuaiteach a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse ghearr ama agus gan ach rochtain theoranta ar chaipiteal atá i gceist le gnólachtaí nuathionscanta. Tá sé seo ionann agus a bheith dodhéanta má tá ualach suntasach riaracháin i gceist.
- Ar an gcúis sin, molfaidh tusa gnólachtaí nuathionscanta a mbeidh níos lú ná scór fostaithe iontu agus láimhdeachas bliantúil níos lú ná €4 mhilliún acu a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le samhlacha intleachta saorga ardriosca. Ina ionad sin, ba cheart dóibh na ceanglais maidir le samhlacha intleachta saorga ísealriosca a chomhlíonadh. Measann tusa gur comhréiteach cothrom é seo agus tá sé d'aidhm agat an plé a stiúradh ina leith.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________________


  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca




## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1: aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2: raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | |
| **An tSlóivéin** | cumasbhunaithe | | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** —nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An tSlóivéin |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 2 116 972 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 30 160 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 3.7 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 11.4 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 18.9 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

Print ISBN 978-92-850-0514-6 doi: 10.2860/6611997 OC0125006-GA-C

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN tSLÓVAIC



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Creat intleachta saorga a thabhairt isteach

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Is in 2023
atá an chaibidlíocht ar

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creat dlíthiúil le haghaidh úsáid na hintleachta saorga

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tráth cinniúnach is ea é don Aontas Eorpach maidir lena thodhchaí dhigiteach a mhúnlú. Mar chuid den straitéis don Deacáid Dhigiteach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga (IS), agus an méid a leanas á gcosaint aige ag an am céanna: cearta bunúsacha, cosaint tomhaltóirí, iomaíochas an mhargaidh, nuálaíocht agus ceannaireacht theicneolaíoch. I gcroílár an phlé sin tá togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach darb aidhm forbairt IS a rialáil san Aontas. Cé gur reáchtáladh roinnt babhtaí caibidlíochta cheana féin, níor tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas go fóill.

## Airteagal 1

### Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais IS lena mbaineann 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas **aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.** Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## Airteagal 2

### Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas IS, **seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é**.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN tSLÓVAIC



# An Clár Oibre

Ar chlár oibre na Comhairle inniu tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh creat dlíthiúil maidir le húsáid na hintleachta saorga. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn do leasa féin. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh an rólphróifíl** go cúramach óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. **Beidh cuid de na hargóintí céanna á ndéanamh** agatsa **agus a dhéanfaidh tíortha eile, mar shampla an Bhulgáir, Lucsamburg agus Málta**. Labhair leo chun a fháil amach an féidir libh comhoibriú chun bhur leasanna coiteanna a chur chun cinn, más féidir libh aon cheann acu sin a aithint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca téacs cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille leis na seasaimh atá luaite ag tíortha eile roimhe seo, abair é sin go neamhbhalbh.
5. Éist go cúramach le seasaimh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasaimh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar leathanaigh 8 agus 9**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht lena chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuir do sheasaimh agus do phointí féin i láthair**. I gcás ina mbeidh na hargóintí céanna a ndéanamh agat agus a dhéanfaidh tíortha eile, d'fhéadfadh sé a bheith fiúntach na hargóintí sin a chur i láthair le chéile chun neart a chur leo.
7. Ar ndóigh, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chathaoirligh, a Choimisinéir, a chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn le_____________________________________ .*

*Measaimidne gur gá aicmiú riosca bunaithe ar chumas/ar chuspóir a ghlacadh, mar _____________ _____________________________________________ .*

*Maidir le hAirteagal 2, beidh/ní bheidh feidhm ag eisceachtaí áirithe, toisc go bhfuilimid i bhfabhar __ . _____________________________________________*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

Aicmiú na gcóras intleachta saorga agus an bainistiú riosca

Tá caighdeán coiteann á ghlacadh ag an Aontas maidir le bainistiú riosca i dtaca le forbairt, margú, iompórtáil agus úsáid na gcóras intleachta saorga. Is sna haicmí a leanas a chuirfear na córais sin: gan riosca, ísealriosca, ardriosca nó riosca do-ghlactha (féach Iarscríbhinn I). Chun córais intleachta saorga 'ardriosca' a shainiú, glacfaidh an tAontas

☐ ... aicmiú riosca cumasbhunaithe: is ar na cumais theicniúla atá ag an gcóras atá an riosca bunaithe.

☑ **... aicmiú riosca cuspóirbhunaithe: is ar an úsáid atá beartaithe don IS in earnálacha íogaire atá an riosca bunaithe.**

Bunaithe ar an aicmiú riosca sin, ní mór diantástáil a dhéanamh ar chórais IS 'ardriosca' sula seolfar iad.

## D'argóintse

- Tá fonn ar an tSlóvaic tuiscint a fháil ar an mbealach is fearr chun tairbhe a bhaint as Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Go dtí seo, níor leithdháileadh aon chistí poiblí ar thaighde náisiúnta IS. Dá bhrí sin, tá an rialtas ag brath ar infheistíocht phríobháideach nó ar thacaíocht ó Bhallstáit eile den Aontas.
- Tacaíonn tú leis an gcur chuige cuspóirbhunaithe toisc gur mar sin is nós leis an Aontas teicneolaíochtaí agus táirgí a rialú, e.g. feistí leighis nó táirgí ceimiceacha. Mar sin féin, creideann tusa gur cheart an liosta reatha d'earnálacha ardriosca a chúngú do bhonneagar criticiúil agus don tsláinte, mar aon le forfheidhmiú an dlí, ós rud é gur earnálacha iad sin a mbíonn tionchar díreach acu ar shaol agus ar shaoirsí. Cé go bhfuil tábhacht le hearnálacha eile, mar shampla, an t-oideachas agus sochair slándála cúnaimh, féadfar marana a dhéanamh orthu sin níos déanaí. I gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil tionsclaíochta, ní miste leatsa dá gcaithfí súil an athuair ar an liosta agus dá ndéanfaí an t-athbhreithniú sin i gceann trí bliana.
- Ina theannta sin, sileann tú go bhféadfadh sé go spreagfaí imirce daoine oilte – na heolaithe a fhorbraíonn samhlacha go díreach do na hearnálacha sin – dá n-aicmeofaí na hearnálacha eile mar ardriosca, rud a chuirfeadh tallann IS na hEorpa i dtreo timpeallachtaí níos solúbtha, mar atá na Stáit Aontaithe.
- Má bhíonn an chosúlacht ar an scéal nach n-éireoidh libh agus nach mbeifear in ann teacht ar chomhréiteach inniu, **molfaidh tusa go gcuirfeadh an tAontas tacaíocht airgeadais ar fáil do Bhallstáit an Aontais nach bhfuil chomh rachmasach céanna le Ballstáit eile** chun cabhrú leis na costais mhéadaithe forbartha a chumhdach.
- Do chuid nótaí:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 2

## Raon feidhme

Beidh feidhm ag an bhforáil a leagtar amach in Airteagal 1 maidir le gach córas intleachta saorga,

gan eisceacht

gan eisceacht, ach amháin i gcás ina bhforbraítear an córas mar fhoinse oscailte

**seachas nuair is cuideachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn é (agus)**

seachas nuair is chun críoch míleata nó cosanta a fhorbraítear é (agus)

seachas nuair is ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, imirce nó rialú teorann a fhorbraítear é

### D'argóintse

- Tuigeann tusa go rí-mhaith go gcuirfidh Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga ualach airgeadais agus riaracháin ar chuideachtaí IS an Aontais. Tuigtear duit freisin go bhfuil an tAontas tite ar gcúl i bhforbairt dhomhanda na hintleachta saorga.
- Dá ndéanfaí gnólachtaí nuathionscanta a dhíolmhú ó rialacháin níos déine, d'fhéadfaí éiceachóras níos dinimiciúla a chothú agus deis níos fearr a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta san Aontas dul san iomaíocht leo siúd sna Stáit Aontaithe, sa tSín agus in áiteanna eile.
- Is tábhachtaí leatsa Airteagal 2 ná Airteagal 1. Mura féidir leat daoine eile a thabhairt leat agus na pointí a ndéanamh agat maidir le hAirteagal 1, is fearr duit a chinntiú go nglacfar leis an méid is tábhachtaí atá le rá agat maidir le hAirteagal 2.
- Do chuid nótaí:

__________________________________________________________________


__________________________________________________________________

__________________________________________________________________

__________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Iarscríbhinn I: Aicmiú riosca



| | |
|---|---|
| **Riosca do-ghlactha** | Toirmeasc iomlán |
| **Ardriosca** | Diancheanglais (féach Iarscríbhinn II) |
| **Ísealriosca** | Trédhearcacht ag teastáil |
| **Gan riosca** | Gan rialáil |

## Riosca do-ghlactha:

- **IS le haghaidh na scórála sóisialta** — saoránaigh a rangú bunaithe ar a n-iompar
- **Ollfhaireachas IS-chumhachtaithe** — rianú bithmhéadrach gan toiliú
- **Aithint mothúchán in ionaid oibre/scoileanna** chun tionchar a imirt ar an bhfeidhmíocht oibre
- **Airm mharfacha uathrialacha** — ar féidir leo marú gan idirghabháil an duine
- **Ionramháil fho-thairseachúil IS** — tionchar a imirt ar chinntí daoine gan trédhearcacht

## Ardriosca

**Cur chuige cumasbhunaithe**

Gach córas IS ilchuspóireach agus gach córas IS atá in ann an méid a leanas a dhéanamh:

- cinntí criticiúla a dhéanamh faoi chearta, slándáil nó slite beatha daoine — e.g. máinliacht IS-chuidithe, earcú uathoibríoch ball foirne
- tionchar a imirt go huathrialach ar iompraíocht an duine nó í a ionramháil i réimsí íogaire, e.g. micri-spriocdhíriú polaitiúil
- sonraí pearsanta/bithmhéadracha a phróiseáil, a anailísiú nó a ghiniúint ar an mórgóir
- tuartha casta nó measúnuithe riosca a dhéanamh ag a mbíonn iarmhairtí sochaíocha, e.g. samhaltú aeráide
- oibriú i dtimpeallachtaí ina bhféadfadh earráidí nó claontachtaí díobháil a dhéanamh, e.g. gluaisteáin uathrialaitheacha

**Cur chuige cuspóirbhunaithe**

Gach córas IS atá beartaithe lena n-úsáid chun oibriú sna réimsí a leanas:

- bonneagar criticiúil
- an tsláinte
- an t-ionad oibre (acmhainní daoine)
- sochair slándála sóisialta
- institiúidí breithiúnacha

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Ísealriosca

- **Córais IS nach n-aicmítear mar chórais 'ardriosca'**
- **Botaí comhrá agus cúntóirí fíorúla** (fad is eol d'úsáideoirí go bhfuil siad ag caint le IS)
- **Algartaim mholtacha** — moltaí IS-chumhachtaithe ar na meáin shóisialta
- **An intleacht shaorga le haghaidh uathoibriú an ghnó** — IS lena n-uathoibrítear cúraimí bunúsacha riaracháin

## Gan riosca

- gineadóirí/eagarthóirí íomhánna, ceoil nó ealaíne IS-chumhachtaithe
- IS sa taighde eolaíoch
- IS i réimse na róbat bréagáin & siamsaíochta — bréagáin IS-chumhachtaithe nach bhfuil aon rioscaí iarbhír ag baint leo

## Iarscríbhinn II: Ceanglais le haghaidh na gcóras IS ardriosca

Béim ar chaighdeáin dhlíthiúla agus eiticiúla:

- Measúnú riosca roimh chur in úsáid chun rioscaí intuartha agus mí-úsáid fhéideartha a shainaithint.
- Formhaoirseacht dhaonna chun uathoibriú iomlán sa chinnteoireacht a chosc.
- Rialachas sonraí chun tacair sonraí oiliúna neamhchlaonta a áirithiú.
- Iniúchtaí seachtracha a bheith éigeantach, lena n-áirítear tástáil bosca gainimh lena ngabhann maoirseacht an duine.
- Torthaí tástála a nochtadh do rialtóirí an Aontais.
- Faireachán iarmhargaidh chun feidhmíocht a rianú.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Ostair** | | | | |
| **An Bheilg** | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | |
| **An Chróit** | | | | |
| **An Chipir** | | | | |
| **An tSeicia** | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | |
| **An Eastóin** | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | |
| **An Ghréig** | | | | |
| **An Ungáir** | | | | |
| **Éire** | | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1:<br>aicmiú | Moltaí eile/nótaí | Airteagal 2:<br>raon feidhme | Moltaí eile/nótaí |
|---|---|---|---|---|
| **An Iodáil** | | | | |
| **An Laitvia** | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | |
| **Málta** | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | |
| **An Pholainn** | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | |
| **An Rómáin** | | | | |
| **An tSlóvaic** | cuspóirbhunaithe | Tacaíocht airgeadais | gnólachtaí nuathionscanta | |
| **An tSlóivéin** | | | | |
| **An Spáinn** | | | | |
| **An tSualainn** | | | | |
| An Coimisiún | cuspóirbhunaithe | | arm/cosaint | |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Sainmhínithe


- **Algartaim** — treoracha céim ar chéim a leanann ríomhaire chun fadhb a réiteach nó chun cinneadh a dhéanamh
- **Córais intleachta saorga** (córais IS) — córais ríomhbhunaithe a úsáideann IS chun cúraimí a dhéanamh a dteastaíonn intleacht dhaonna lena n-aghaidh de ghnáth, e.g. an fhoghlaim, an réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, an chinnteoireacht, an bhraistint agus tuiscint teanga
- **Imirce daoine oilte** — nuair a théann oibrithe oilte as a dtír féin chun dul ag obair i dtír eile
- **Imirce ghnó** — nuair a bhogann cuideachta a cuid oibríochtaí go tír eile; is minic gur ar mhaithe le dálaí níos fearr nó costais níos ísle é seo
- **IS domhainfhoghlama** — córas a fhoghlaimíonn ó mhéideanna móra sonraí trí líonraí néaracha a úsáid, ar an gcaoi a n-oibríonn inchinn an duine. Aithníonn sé patrúin agus feabhsaíonn sé le himeacht ama gan gá le clárú díreach
- **Intleacht shaorga ilchuspóireach** — IS ar féidir leis níos mó ná cúram amháin a dhéanamh, e.g. ChatGPT, Google Gemini
- **Foinse oscailte** — bogearraí a bhfuil a gcód ar fáil in aisce don té ar mian leis é a fheiceáil, a úsáid nó a mhodhnú
- **IS riailbhunaithe** — córas IS a dhéanann cinntí bunaithe ar rialacha agus loighic réamhshainithe. Mar shampla, 'Má tharlaíonn X, déan Y'
- **Tástáil bosca gainimh** — tástáil i dtimpeallacht scoite, e.g. déantar IS féintiomána a thástáil i gcathair ionsamhlaithe sula n-úsáidtear é chun feithiclí a thiomáint ar bóthar

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


## Eolas cúlra


Tabhair faoi deara: **is in 2023 atá an chaibidlíocht ar siúl!**

| | An tAontas Eorpach | An tSlóvaic |
|---|---|---|
| **Daonra** | 447 695 350 | 5 428 792 |
| **OTI per capita** in EUR | 38 150 | 22 690 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 6.1 % | 5.8 % |
| **Céatadán na gcuideachtaí a úsáideann teicneolaíocht IS** | 8 % | 7 % |
| **Sciar an daonra a bhfuil ardscileanna digiteacha acu** | 27.3 % | 21.7 % |




**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.




Foinsí sonraí: Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-850-0514-6 | doi: 10.2860/6611997 | QC0125006-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-850-0513-9 | doi: 10.2860/9985000 | QC0125006-GA-N |

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.